Leagan Gaeilge




# Bliain á chur le chéile





Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara






Forchoimeád ar gach ceart. Ní cheart aon chuid den bhfoilseacháin seo a atáirgeadh i bhfoirm ar bith nó trí modh ar bith, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil nó taifeadadh, nó trí aon córas stórála fáisnéise nó aisghabhála, gan cead i scríbhinn a fháil ón bhfoilsitheoir.

Is le na grianghrafadóirí, na h-úinéirí aonair, na scríbhneoirí agus Comhairle Contae Chill Dara, de réir mar a luaitear, na griangrafanna agus an téacs.

# Bliain á chur le chéile

**1916-2016**

Contae Chill Dara ag machnamh, ag tabhairt chun cuimhne, ag déanamh athmhuintearais agus ag comóradh



***Tiomnaithe do fir, mná agus páistí Chill Dara, a thug a oiread sin ionas go mbeadh saol maith i ndán dúinn.***

Curtha le chéile agus curtha in eagar ag Mario Corrigan, James Durney agus Karel Kiely.

Foilsithe chun ceiliúradh céad bliain ar Éirí amach 1916 a chomóradh.
Tacaithe ag Comhairle Contae Chill Dara agus ag Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara.



# Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara 2015/16

**Ráiteas misin Cláir Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara, 2013-2023, mar a ghlac Comhairle Contae Chill Dara leis**

Tá sé mar aidhm ag an gclár an modh is cuí chun na cuimhneacháin chéad bliain a cheiliúradh sa chontae a chur i bhfeidhm. Bheadh an clár leathan, agus raon d'imeachtaí cuimhneacháin, cláir scoile agus foilseacháin á sholáthar, ach le cuspóir uathúil chun leagáid taighde agus/nó ábhar cultúrtha agus ealaíonta a chur ar fáil do na glúin amach romhainn. Ba cheart cur i bhfeidhm an chláir a bheith ionchuimsitheach, iomchuí agus mothálach, le gach gné den saol i gContae Chill Dara sa tréimhse 1913-1923 san áireamh.

**Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara**

**Cathaoirleach**
Feabhra 2016 i leith
An Clr. Pádraig McEvoy

2015 – Feabhra 2016
An Clr. Fiona O'Loughlin

**Leas-Cathaoirleach**
An Clr. Anne Breen

**Baill**
An Clr. Anne Breen
An Clr. Bernard Caldwell
An Clr. Réada Cronin
An Clr. Martin Miley
An Clr. Brendan Weld
An Clr. Murty Aspell

| | |
|---|---|
| Marian Higgins | Leabharlannaí Contae agus Comhordaitheoir ar Cill Dara 2016 |
| Mario Corrigan | Leabharlannaí Feidhmiúcháin |
| James Durney | Staraí Cónaithe Chontae Chill Dara |
| Bridget Loughlin | Oifigeach Oidhreachta an Chontae |
| Lucina Russell | Oifigeach Ealaíon an Chontae |

# Teachtaireacht ó Méara Chill Dara, **An Clr. Martin Miley** agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara, **Peter Carey**

Thug bliain an chéid 2016 deis uathúil iniúchadh agus foghlaim a dhéanamh ar stair, oidhreacht agus cultúr na tíre. Rinne Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara tacú, cur chun cinn agus earcú ar breis agus 272 tionscadail, ina measc 96 cuairteanna ar scoileanna ag idirghníomhú le na mílte mic léinn; léachtanna poiblí, taispeántais, foilseacháin, seimineáir, comórtais aistí agus filíochta, searmanais Lae an Fhorógra, drámaí agus léirithe ceoil – do lucht féachana thart ar 65,000 duine. Bliain fíor-ghnóthach agus tairbheach a bhí ann.

Chuireamar críoch leis an bliain le ómós do dhaoine in aois a gcéid sa Chontae, agus d'ár dhaoine óga maidir lena díogras agus cruiththeacht gan teorainn – searmanas cuí ar ár son uilig. Rugadh ár saoránaigh in aois a gcéid faoi Impireacht, ach bhíodar páirteach i bPoblacht a chruthú taobh lena dtuismitheoirí agus a bpáistí. Ba cheart dúinn biorán liopa deartha ag Luke Hand, ó Bhaile an tSaghasaigh, duine den dream is óige, a bhronnadh ar na daoine is sine inár bpobal.

Meanma an óige agus misneach creidimh agus eispéiris - Meanma agus Misneach – mana Chomhairle Contae Chill Dara.

Leanann ár Comhairle le béim a chur ar seirbhísí níos fearr a sholáthar agus le daonlathas áitiúil a fheabhsú.

Tá gníomhartha agus idirfheidhmeanna uilig le saoránaigh Chill Dara bunaithe ar daonlathas áitiúil, seirbhís poiblí, inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht, freagracht, ionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail mar bhun-luachanna.



Ta an pobal ag croí-lár an údaráis áitiúil, agus bhí sé chun tosaigh nuair a chruthaigh an Comhairle clár chun Éirí Amach 1916 a chomóradh. Cruthaíodh an clár chun daoine sa bhaile agus thar lear a spreagadh chun ár comh-stair a chuimhniú, agus cuireadh béim mór ar theagmhmáil pobail gníomhach.

Táimid bródúil as na comhpháirtíochtaí a cuireadh i bhfeidhm agus an rath mór a bhí ar na cuairteanna scoile, na searmanais ardaithe bratacha agus an rannphairtíocht ó Fórsaí Cosanta na hÉireann.

An-éacht il-leibhéil a bhí ann, agus tugaimid aitheantas don mór-ionchur ó na daoine i gContae Chill Dara a chur leis an bliain faoi leith seo.
Ta dul chun cinn mór i gContae Chill Dara ó na droch-laethanta dorcha sin, agus tugaimid ardmoladh do na saoránaigh uilig a chuir leis.

Ár mbuiochas do chách as ucht bheith páirteach sa scéal.

**An Clr.**
**Martin Miley**
*Méara Chill Dara*

**Peter Carey**
*Príomh-fheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara*



# Teachtaireacht ón gClr. Pádraig McEvoy,
## Cathaoirleach Choiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara

Ag macnamh ar an dá bliain pleanála agus imeachtaí ónár gcéad crinniú i mí na Bealtaine 2015, feicimid conas a réitigh an chéad cuid den comóradh an bhealach. Ta tuairim bródúil agus sásúil thart timpeall. Deirtear gur éirigh go maith linn; is beag nach bhfuil ionadh ar daoine faoi mar a d'éirigh go maith le gach rud ar leibhéil náisiúnta agus áitiúil. Bhí gaiscí agus gradaim náisiúnta, suímh gréasáin agus feachtais meáin shóisialta, ach go minic tá rath le feiceáil i mion-rudaí.

Bhí tocht orainn nuair a scaoileadh bratacha, nuair a chan páistí Amhrán na BhFiann ina gclóis scoile agus nuair a tháinig glún nua ar an bhForógra. Tráth eachtrúil a bhí ann, le mór-eachtraí agus fionnachtanna nua.

Chuamar i ngleic le pobal uile an Chontae chun an clár ab fhearr a sholáthar, agus chun féachaint chuige go raibh sé ionchuimsitheach, iomchuí agus mothálach, agus go leantar le seo. Tá an proiséas ag dul ar aghaidh, agus beidh gach cuid den phobal in ann freagairt air agus a smaointe, dóchais agus pleananna a chur chun cinn sna blianta amach romhainn.

Tá deis ag gach éinne i gContae Chill Dara imeachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán a cheiliúradh agus bheith páirteach i cláir níos uaillmhianaí fós a fhorbairt do na todhchaí.

Leannann Comhairle Contae Chill Dara le bheith tiomanta do straitéis cuimhneacháin a fhorbairt agus imeachtaí a chomh-ordú, de réir an clár náisiúnta 2013-2023.

Ach anois, bímís umhal agus buíoch as ucht an freagairt agus an teagmháil a chonaiceamar i 2016.

Agus cuimhneacháin ár saoránach maidir lena bpáirt i gceiliúradh 1966 cloiste againn, is féidir súil a bheith againn go labhróidh ár páistí leis an gcreideamh agus an bród céanna faoina gcuimhneacháin ar 2016, caoga bliain as seo amach.

An Clr. Pádraig McEvoy




Irish Rebellion, May, 1916.
Holding a Dublin street against the Rebels.
Sackville Street, Dublin
(Before the Sinn Fein Rebellion, 1916)
Rebellion
Sackville Street, Dublin.

# Forbhreathnú Stairiúil ar Chill Dara agus 1916




Ar Luan na Cásca 1916, chuaigh sé céad déag fir, mná agus páistí amach chun troda ar son Éire neamhspleach. Lean an cath i mBaile Átha Cliath ar feadh sé lá, agus mar thoradh air maraiodh ceithre céad agus ochtó cúig daoine, agus scriosadh cuid mór den chathair. Cé gur i mBaile Átha Cliath a tharla a chuid ba mhó den bheart, tháinig cuid maith de na hÓglaigh ó ionaid taobh amuigh den chathair; bhí ar a laghad beirt agus triocha, idir fir agus mná, ó Chill Dara páirteach san Éirí Amach, ina measc cúigear déag a shiúil ó Maigh Nuad go hArd-Oifig an Phoist. Maraíodh deichniúir ar a laghad as Chill Dara, agus gortaíodh nó príosúnaíodh na scórtha breise ina dhiaidh. Bhí Seán Ó Dubhuí, ceannaire ar Chlann na nGael i Meirceá, agus a rugadh i gCill Dara, ina ard-airgeadaí don Éirí Amach.

Rug an Captaen Tom Byrne scéala chuig An Nás ón gCeannáras i mBaile Átha Cliath go raibh éirí amach le bheith ar fud na tíre ar an Domhnach 23 Aibreán, agus inlíochtaí pleanáilte na nÓglach mar cheilt. Ordaíodh dó complachtaí uilig an chontae a slógadh agus iad a thabhairt go Baile Uí Bhuadáin, gar le Na Solláin, chun go dtiocfadh siad le chéile, chun an droichead iarnróid a phléascadh, agus dul ar aghaidh go Baile Átha Cliath. Gheall na complachtaí uilig go mbeadh slua mór i láthair. De bharr freasordú ó Eoin Mac Néill, áfach, tharla dul amú ar an scéal i gContae Chill Dara. Tháinig cúig complacht óglach le chéile le haghaidh comhraic, ach d'éirigh siad as nuair a fuarthas an freasordú.

Theip ar an bplean chun an droichead iarnróid ag Baile Uí Bhuadain a phléascadh, agus chuaigh an Captaen Byrne, an Leifteanant O'Kelly agus Tom Harris go Maigh Nuad, áit ina raibh Complacht Maigh Nuad slógtha ag Domhnall Ua Buachalla nuair a fuarthas scéala gur leanadh ar aghaidh leis an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath.

Shiúil cúigear déag ó Maigh Nuad go Bhaile Átha Cliath maidin Dé Máirt, agus d'fháiltigh P. H. Mac Piarais agus Séamas Ó Conghaile rompu.

I ngarastún Aird- Oifig an Phoist, tháinig na fir ó Maigh Nuad ar dhaoine eile ó Chill Dara. Bhí fir agus mná ó Chill Dara lonnaithe le garastúin eile ar fud na cathrach.

Bhí mórán ó Chill Dara i reisimintí Eireannacha Airm na Breataine a thainig chuig an príomhchathair chun an éirí amach a smachtú. Tháinig roinnt dóibh siúd a maraíodh go luath, ina measc an Captaen Alfred Warmington agus an Saighdiúir Singil Bernard Mulraney, go Baile Átha Cliath ó Dhún Dhroichead Nua agus Campa an Churraigh. Fuair an Saighdiúir Singil James Duffy, ó Chill Chéile, bás de bharr an chogaidh freisin.

I measc na luath-taismigh siabhialta bhí fir agus mná a rugadh i gCill Dara, ach go raibh cónaí orthu i mBaile Átha Cliath. Maraíodh Michael Kavanagh ag reibiliúnaigh ag baracáid ag Faiche Staibhna; mharaigh snípéirí neamhaithnithe Edward Murphy agus Francis Salmon, agus sháigh saighdiúirí Briotanacha Peter Connolly le beaignit i Sráid an Rí Thuaidh; fuair Margaret McGuinness bás ar an 3ú Bealtaine 1916, agus seans ann gur gonta gunnaí a fuair sí níos luaithe sa tseachtain ba chúis le seo.

Tháinig beirt as na reibiliúnaigh a fuair bás ó Chill Dara: maraíodh Geirge Geoghegan ó Arm Cathartha na hÉireann sa trodaíocht ag Halla na Cathrach, agus fuair An t-Óglach Edward Costello bás de bharr gonta gunnaí ag Ospidéal Sráid Jervis. Taobh amuigh den phríomhchathair ní raibh eachtraí a bhain leis an Éirí Amach ach i gcorr-áit. I gContae Chill Dara, seachas slógadh Chomplachta Maigh Nuad, lochtadh píosa beag den iarnród gar do Bhaile Átha Í mar iarracht ar chur isteach ar chumarsáid.

Maraíodh deichniúir ó Chill Dara, idir comhraiceoirí agus siabhialtaigh, sa trodaíocht, agus ina theannta san maraíodh roinnt daoine go raibh baint acu le Chill Dara, ina measc an leanbh Sean Foster, gurb as An Baile Mór a athair.

Gabhadh breis agus caoga fir agus mná eile. Cuireadh i bpriosúin iad i gCampa an Churraigh, i nDún Richmond i mBaile Átha Cliath, i bpriosúin i Sasana agus i gCampa Frognoch sa Bhreatain Bheag. Ghlac an Captaen Harry Wheeler, ó Baile Riobaird, le géilleadh chuid maith de garastúin na reibiliúnaigh, agus an Banaltra O'Farrell ina theannta.

Mhuascail cuireadh chun báis ceannaraí an Éirí Amach da éis glún chun cúis Saoirse na hÉireann, agus ghlac fir Maigh Nuad ó 1916, Domhnall Ua Buachalla, Tom Harris agus Pat Colgan, a bpáirt i bhforbairt na tíre seo againn.

Ar lá tosaigh an Éirí Amach, bhí Ernest Shackleton, a rugadh i gCill Dara, agus go bhfuil clú air i gcónaí maidir le tais-céaladh, ceannaireacht agus buanseasmhacht, i mbaol mór ar an taobh eile den domhan. Agus é ar an tríú turas chuig an tAntartach le 'Endurance', bhí sé ar intinn aige dul thar an mór-roinn tríd an Pól Theas, nuair a chuaigh a long i bhfostú san oighear agus cuireadh go tóin poill í da éis. Triomaíodh an criú ar Oileán Eilifinte, agus, mar sin, ar Luan na Cásca 1916, dhírigh Ernest Shackleton agus cúigear fear ar Oileán Georgia Theas, i mbád tarrthála beag, 'James Caird', agus thaisteal siad 1,300 km thar sáile i sé lá déag chun teacht i dtír. Tarrtháladh an criú a d'fhan ar Oileán Eilifinte ar 30 Lúnasa 1916.

**James Durney**
*Staraí Cónaithe*






A Rebel's Heart
A 1916 Commemoration
Concert
St Mary's Church - Maynooth
1916 - 2016


POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.
THOMAS J. CLARKE.
SEAN Mac DIARMADA.
THOMAS MacDONAGH.
P. H. PEARSE.
EAMONN CEANNT.
JAMES CONNOLLY.
JOSEPH PLUNKETT.





# Machnamh

Bhí sé mar aidhm ag Clár Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara an tslí is fear chun na cuimhneacháin céad bliana a chomóradh sa chontae a aimsiú. Cuireadh coiste i bhfeidhm agus dearadh doiciméad stráteise chun cabhrú leis an proiséas a dhíriú, agus thug teagmháil gníomhiúil leis an bpobal eolas agus dearcadh.

Cuireadh tús le díospóireacht agus socraíodh ar polasaí a chur i gcrích le haghaidh Deich mBliana na gCuimhneachán i gContae Chill Dara. Cuireadh dreacht- doiciméad isteach, agus tar éis moladh ag crinniú na Comhairle Contae i mí Iúil, cuireadh coiste i bhfeidhm i Meán Fómhair 2014. Páirteach i gCoiste Deich mBliana na gCuimhneachán tá comhaltaí tofa ó Chomhairle Contae Chill Dara agus baill foirne ó na rannóga Oidhreachta, Pobail, Leabharlainne agus Ealaíon.

Thosaigh obair i ndáiríre ar chlár cuimhneacháin 1913-1923 chun an tslí is fearr chun na cuimhneacháin céad bliana a chomóradh ar fud an chontae a mheas, le béim faoi leith ar gach gné den saol i gContae Chill Dara agus ar dhaoine mór le ra i gCill Dara i 1916.

Ag crinniú na Coiste ar 8 Nollaig in Áras Chill Dara, toghadh An Clr. Fiona O'Loughlin mar Chathaoirleach. Rinneadh socraithe tabhachtacha maidir le h-airgeadas agus le Staraí Cónaithe a cheapadh ar feadh dhá bhliain.

Cuireadh dreacht-doiciméad straitéise faoi bhráid na fo-ghrúpaí éagsúla i gComhairle Contae Chill Dara.

Glacadh le Doiciméad Straitéise Deich mBliana na gCuimhneachán 1913-1923 ag crinniú na Comhairle Contae ar 23 Feabhra 2015.

Rinneadh díospóireacht ar an doiciméad straitéise ag comharliúcháin poiblí in Ostán an Osprey, An Nás ar 14 Bealtaine 2015. Bheadh an clár leathan, agus raon d'imeachtaí cuimhneacháin, cláir scoile, foilseacháin, cainteanna agus siúilóidí, ceolchoirmeacha, drámaí, dealbhóireacht agus amhráin á sholáthar, le cuspóir chun leagáid taighde agus ábhar cultúrtha agus ealaíonta a chur ar fáil do na glúin amach romhainn. Ba cheart go dtabharfadh cur i bhfeidhm an chláir aird ar gach gné den saol i gContae Chill Dara sa tréimhse 1913-1923.

Agus an chontae ag ullmhú chun teacht an náisiúin ar an saol, agus imeachtaí fíor-thabhtacha an deich bliana is suntasaí i stair na tíre, a chomóradh, ba cheart go mbeadh an straitéis cuimsitheach agus measúil, go mbeadh sí leathan agus ceart, agus go dtaitneodh sí le gach saoránach sa chontae.

Ar na dhúshlain ba mhó bhí méid an mhothú poiblí agus leithead agus raon na n-ionchas. Bhí an contae mar a bheadh ina stáitse, nó mar meall cré, agus mhúnlaigh daoine aonair, grúpaí, scoileanna agus pobail a ndóchais agus a dtuairimí chun beatha a thabhairt do mór-chuid gníomhartha, agus na mílte imeachtaí, taispeantais agus gaiscí cruitheacha de gach shórt a chur chun críce.

## MIONTUAIRSCÍ CCCD 23 Feabhra 2015 06/0215

*Deich mBliana na gCuimhneachán*

*Chuir Ms. Higgins, Seirbhísí Leabharlainne, Doiciméad Straitéise Deich mBliana na gCuimhneachán 1913-1923 ós comhair na comhaltaí le haghaidh breathnú agus faomhadh. D'aithean an Méara an leiriú agus an méid oibre a bhí déanta ag an gcoiste go dtí seo. Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas do Ms. Higgins as ucht a léiriú agus mhol sé obair an choiste agus a gcur chuige chun an straitéis a ullmhú. Ghlac an Méara agus na comhaltaí páirt i ndíospóireacht maidir le meon dearfach an léiriú, an tairbhe a bheadh as maidir le h-oideachas, ár n-oidhreachta a choimeád agus teagmhail poiblí a spreagadh, agus bhí súil acu go gcuireadh an doiciméad stráiteise le cás láidir le haghaidh maoiniú. Beartaíodh, tar éis togra ón gClr. McEvoy, le cuidiú ón gClr. Miley, agus na comhaltaí uilig ag comhaontú leo, go nglacfar le Straitéis Deich mBliana na gCuimhneachán.*

# Foinse

Céad bliain ó shoin, d'fhógair Fir agus Mná na hÉireann Poblacht na hÉireann. Thug a n-idéil agus a bhfiúntais spreagadh do ghlúin d'Éireannaigh. Ar dtús, ní raibh meas mór ar an Éirí Amach, ach tháinig athrú ar tuairim an phobal diaidh ar ndiaidh. Bhí ealaíontóirí, scríbhneoirí agus ceoltóirí páirteach i na h-imeachtaí a léirmhíniú, agus thug seo fócas dúinn i gCill Dara maidir le conas ba cheart dúinn ár stair agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh.

Rinne Éirí Amach 1916 athrú bunúsach ar saol na hÉireann, agus chuir se an náisiún ar aghaidh ar an tslí chun neamhspleachas. I gContae Chill Dara, thugamar ómós dóibh siúd a rinne mór-íobairt ar ar son; bhíomar bródúil as na h-imeachtaí agus an tslí ina raibh tionchar acu ar ár náisiún agus ár gcultúr. Bhíomar faoi chomaoin ag an glún sin d'fhir, mná agus paistí na hÉireann chun ár stair a chomóradh le bród agus le díogras, agus chun cothrom na féinne a thabhairt, ní amháin da n-idéil agus dá n-ardaidhmeanna, ach freisin dá gcuimhne agus dá n-íobairt.


D'éiligh Poblacht nua na hÉireann dílseacht gach Éireannach, idir fir agus mná, agus rathaíocht a thabhairt maidir le saoirse reiligiúnach agus shibhialta, comh-chearta agus deiseanna do gach saoránach, comhchúram a dhéanamh do chlann uile an náisiúin, agus ceart muintir na hÉireann ar úinéireacht na tíre agus smacht ar a gcinniúint féin á fhógairt.

Tacaímid le na h-aislingí agus na h-ardaidhmeanna seo, agus geallaimid coinniú le na spriocanna seo inár saoil laethúla.

Tá ár náisiúin inniu níos ilchineálaí ná mar a bhí riamh, agus tá raon dúshláin nua romhainn.

Caithfimid meas a bheith againn ar prionsabail bunaidh ár náisiúin, agus forbairt a dhéanamh orthu.

Ní gá dúinn maireachtáil san am atá imithe, ach caithfimid cuimhniú air agus meas a bheith againn air, agus todhchaí níos fearr á fhorbairt dár saoránaigh uilig.



POBLACHT NA H EIREANN.

THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE IRISH REPUBLIC TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,
THOMAS J. CLARKE.
SEAN Mac DIARMADA. THOMAS MacDONAGH.
P. H. PEARSE. EAMONN CEANNT.
JAMES CONNOLLY. JOSEPH PLUNKETT.

# Láinseáil an Chláir



Láinseáladh Clár 2016 Chontae Chill Dara go h-oifigiúil Dé Domhnaigh 25 Deireadh Fómhair 2015, i bPlás Nic Amhlaigh, An Nás, tar éis nochtadh dealbha cuimhneacháin Sheáin Uí Dhubhuí ag Cearnóg na Poibleoige, An Nás.


Bhí láinseáil an chláir mar bhuaic ar raon d'imeachtaí ar feadh seachtaine, eagraithe ag Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chomhairle Contae Chill Dara.

I measc imeachtaí na seachtaine sin bhí láinseáil leabhair le Tom Nelson, *Through Peace and War; Kildare County Council in the years of revolution, 1899-1926,* in Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás ar 19 Deireadh Fómhair; ath-fhoilsiú ar *Irish rebel: John Devoy and America's Fight For Ireland's Freedom,* le Terry Golway, ag Merrion Press, Na Sollain; láinseáil *Foremost and ready: Kildare and the 1916 Rising* le James Durney, Staraí Cónaithe Chill Dara, i Halla Bhaile An Náis.

Maille le sin, d'óstáil Comhairle Contae Chill Dara dhá ceolchoirm i Halla Bhaile An Náis do chónaitheoirí áitiúla agus do chuairteoirí ó Meiricea a d'fhill abhaile le haghaidh nochtadh dealbha cuimhneachain Sheáin Uí Dhubhuí: *'The Percy French Story'* le Mona Conroy agus Owen C. Lynch, a cuireadh i láthair ar 23 agus 24 Deireadh Fómhair.

D'óstáil Cónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Chontae Chill Dara a seimieár bliaintiúil in Ionad Oidhreachta Chill Chuillinn ar 24 Deireadh Fómhair, le aoí-chainteoir Adhamhnán Ó Súilleabháin, a thug léacht le learáidí faoina sheanathair, iar-rannpháirtí 1916, Domhnall Ua Buachalla ó Maigh Nuad.




POBLACHT NA H EIREANN.
THE PROVISIONAL GOVERNMENT
OF THE
IRISH REPUBLIC
TO THE PEOPLE OF IRELAND.
IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.
SEVEN SIGNATORIES
Tracing the Family Histories of the Men Who Signed the Proclamation of the Irish Republic
Paul Gorry
O'Connell Street, Dublin
(Before Sinn Fein Rebellion)

# Seacht Snáithe an Chláir

*Tá Éire 2016 Clár Comórtha Céad Bliain tógtha ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Réiteach, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh.*




1. *Searmanais Stáit*
2. *Machnamh ar an Stair*
3. *An Teanga Bheo*
4. *An Óige agus an tSamhlaíocht*
5. *Léiriú Cultúrtha*
6. *Rannpháirtíocht Phobail*
7. *Éireannaigh ar fud an domhain agus an Diaspóra*



# 1 Searmanais Stáit

*Beidh clár fairsing d'imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine sin a thabhairt chun cuimhne agus urraim a léiriú dóibh siúd a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, agus go háirithe iad siúd a thug a mbeo sa troid.*

Nocht An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara agus Kevin O'Malley, Ambasadóir na Stát Aontaithe, dealbh Sheáin Uí Dhubhuí ag Cearnóg na Poibleoige, An Nás, ar 25 Deireadh Fómhair 2015. Maoinaíodh an dealbh ag Cumann Chill Dara Nua- Eabhraic, Comhairle Contae Chill Dara agus Grúpa Staire Aitiúil An Náis. Cuireadh an tionscadal ***John Devoy – The Greatest of the Fenians*** ar ghearr-liosta ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil de chuid Comhlachais na hÉireann sa chatagóir Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha. Jarlath Daly a chruthaigh an dealbh.

Láinseáladh ***Clár Comórtha Céad Bliain Chontae Chill Dara*** ar 25 Deireadh Fómhair ag Plás Nic Amhlaigh, An Nás.

Bunaiodh ***Coiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad*** ag eagraíochtaí áitiúla agus bhí ionadaithe ann ó Banna Cheoil Mhuire, Maigh Nuad, Gasóga 8 Chill Dara Maigh Nuad, Cumann Staire Maigh Nuad agus eagraíochtaí ó iar-Fórsaí Cosanta. Bhí sé mar aidhm acu comóradh a eagrú le béim faoi leith ar na fir a mháirseáil ó Maigh Nuad go hArd-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath le linn an Éirí Amach. San athachtú, ar 23 Aibreán 2016, shiúil daoine ó Maigh Nuad thar an chanáil chuig An Gairdín Cuimhneacháin i gCearnóg Parnell, áit inar chuir Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath fáilte rompu.

Nocht An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, ***Gairdín Cuimhneacháin 1916 Chontae Chill Dara*** ag Áras Chill Dara, Pairc Ui Dhubhuí, An Nás, ar 24 Aibreán 2016. Léigh daltaí ó Ghael-Choláiste Chill Dara, An Nás, an Forógra, agus bhí tionlacan ceoil ó Chór Chomhairle Contae Chill Dara, i searmanas álainn agus sollúnta.


D'ardaigh Coiste Maigh Nuad ***Bratach 15 Maigh Nuad*** sa Chearnóg, Maigh Nuad ar Lá Caille 2016, agus tugadh síos í ar 31 Nollaig 2016. Tá an bratach á chrocadh faoi láthair i Leabharlann Maigh Nuad.

Bhí rath mór ar Lá an Fhorógra ar 15 Márta 2016 thar an chontae.

Chun comóradh céad bliain ar tharrtháil criú an Endurance ó Oileán Eilifinte a cheiliúradh, nocht An Clr. Ivan Keatley, Méara Chill Dara, dealbh de ***Ernest Shackleton,*** cruthaithe ag Mark Richards, ar 30 Lúnasa 2016, ag Cearnóg Emíle, Baile Átha Í. Bhí Alexandra Onórach Shackleton, gariníon leis an taiscealaí, mar aoí faoi leith, agus bhi Garda Onóra agus Bratghrúpa ó Seirbhís Cabhlaigh na hÉireann i láthair. Chan Jack L. The Wearing of the Green.









Bunaíodh ***Gairdíní Cuimhneacháin*** i mBaile Chill Dara, Léim an Bhradain agus Páirc Uí Dhubhuí, An Nás. Bhí leac forógra agus seacht bpiléar eibhir i ngach ceann acu, agus leagadh leaca forógra freisin sa Bhaile Nua, i mBaile Riobaird agus i nDíseart Diarmada.

Bhí Uibh Fháilí chun tosaigh le leacht do ***Eamon Broy*** i reilig Chúil an Ghéagáin ar 17 Meán Fómhair 2016. Bhí a iníon, Áine Broy, ina aoí faoi leith.

Thug baill ó ***Fórsaí Cosanta na hÉireann*** cuairt ar gach bunscoil i gContae Chill Dara le cóip den bhForógra agus an bratach náisiúnta.

I dTeach an Dá Mhíle, bhronn an tSáirsint James Pearse, de bhunadh Shéamais Uí Chonghaile, an bratach ar a mhac Seán.



Nochtadh leacht cuimhneachain do dhíorma d'Óglaigh Laoise ag ***Cros Mhaigh Géine*** ar 31 Nollaig 2016 mar chomóradh ar eachtra ag Maigh Géine, ar oíche Dhomhnaigh Cásca, 1916.

Eagraíodh an ***Searmanas Clabhsúir*** don chlár 1916/2016 ag Áras Chill Dara ar 10 Nollaig 2016. Bhí daoine in aois a gcéid ó Chill Dara mar aoianna oinigh. Tar éis seo bronnadh duaiseanna ar pháistí scoile áitiúla.










1916
2016

The Nationalist, 6 Deireadh Fómhair 1928

## Bás Sheáin Uí Dhubhuí



Fógraítear sa tseachtain seo bás An tUas. Seán Ó Dubhuí, as Nua-Eabhrac, ceannaire mór na bhFíníní ó 1867. Bhí sé ina eagarthóir ar an nuachtán "The Gaelic American". Dob as Contae Laoise a shinsear. Scríobh Mícheál Ó Dubhuí, seanuncail le Seán Ó Dubhuí, nach maireann, stair Bhaile Átha Í, a sheol sé chuig an "Irish Magazine" i mí Márta 1809. D'aimsigh Frank Richardson, ó Bhaile Átha Í, an cóip den "Irish Magazine" inar foilsíodh an t-alt seo i Mendoza's Old Book Store ag Sráid Áine, Nua-Eabhrac, agus thug sé do eagarthóir "The Gaelic American" í. Sé lán-teideal an bhfoilsiúcháin ná "The Irish Magazine and Monthly Asylum for Neglected Biography" agus bhí an té míchlúiteach Matty Fox ina eagarthóir agus ina bhfoilsitheoir air.


Rugadh athair Micheál Ó Dubhuí, údar na staire, i 1713 agus fuair sé bás i 1815; mar sin, bhí se beo sé bliain tar éis a scríobhadh an t-alt sin i 1809. Níor labhair se Béarla ar bith go dtí go raibh se cúig bliain is fiche d'aois. Agus an scéal á scríobh ag a mhac, bhí eolas fairsing agus domhain a athar faoi Bhaile Átha Í mar leas aige, mar aon le teacht ar leabhair agus lámscríbhinní nach bhfuil ar marthain anois. Bhí sé ina Chaptaen ar na Reibiliúnaigh in Éirí Amach Chill Dara i 1798, agus bhí air comharsanacht Bhaile Átha Í a fhágáil dá bharr san. Lonnaigh sé sa Chill i 1805, agus d'éirigh go maith leis mar chonraitheoir, agus é ina mhaor ar thogáil chuid mór den Chanáil Mór. Fuair se bás timpeall 1841 nó 1842.

Rugadh Mícheál Ó Dubhuí, údar na staire, sa Fraoch, feirm ar eastáit Diúic Laighin, ata suite i bparóiste Bhaile Átha Í, ach d'aithrigh sé chuig An Chill ag tús an naoiú aois déag. Bhí slua maith de chlanna den ainm ina gcónaí i gcomarsanacht Bhaile Átha Í thar ghlúin éagsúla tar éis Ár Mhullach Maisteain, inar rinneadh slad ar Cheannaire na Clainne, i dteannta le Ruairí Ó Mordha agus mórán eile, ag Iarla Essex, i 1578. Sé ainm ceart na clainne ná O'Duibhidh. Leagadh síos stair na clainne i "History of the Queen's County", leis An Canónach Ó'hAnluain, nach maireann.



# 2 Machnamh ar an Stair

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnaimh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.





Cuireadh tús oifigiúil le clár Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara le láinseail ***'Through peace and war. Kildare Co. Council in the years of revolution 1899-1926'*** le Tom Nelson, in Áras Chill Dara ar 19 Deireadh Fómhair 2015.

D'fhoilsigh eagraíochtaí áitiúla leabhair faoi gnéithe den Éirí Amach i mBaile Chill Dara, An Currach agus An Droichead Nua; 15 Maigh Nuad, William A. Byrne ó Ráth Iomgháin, Teresa Brayton and Deartháracha Uí Cheallaigh ón Nás.

Láinseáil An Clr. Fiona O'Loughlin, Cathaoirleach Choiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara, ***Foremost and ready.Kildare and the 1916 Rising*** le James Durney ar 20 Samhain 2015 i Seomra Comhairle an Bhaile, Halla an Bhaile, An Nás.

Tionóladh taispeántas 'Baile Átha Í i 1916' i ***Músaem agus Ionad Oidhreachta*** Bhaile Átha Í ar 9 Aibreán 2016.





Thug James Durney léacht faoi baint áitiúil, dar teideal 'Volunteer Mark Wilson and Cadet William Keegan. Two Athy men in the Easter Rising'.

Nocht Uachtarán GLG, Aogán Ó Fearghail, plaic ag Club GLC Chill Chóca ar 15 Meán Fomhair, tiomnaithe do dhaoine ón gceantar a bhí páirteach in imeachtaí timpeall 1916, ina measc ***Tom Harris, Teresa Brayton, John Kenny agus Michael Cowley.***




Thionóil Cumann Seandálaíochta Chontae Chill Dara seimineár, 'Remembering 1916', leis an tOllamh Raymond Gillespie, Roinn na Staire, Ollscoil Maigh Nuad mar chathaoirleach, ar 12 Márta 2016, i dTeach Ósta Killashee, An Nás, Co. Chill Dara.

Thug an tOllamh Roy Foster an t-eochairléacht, le léachtanna ó Darragh Gannon, Garry Long, Mario Corrigan, Séamas Ó 'Maitiú agus An Briogáidire-Ghinearál John Martin. D'eagraigh an ***Lárionad um Staidéar ar Thithe agus ar Eastáit Stairiúla na hÉireann*** seimineár i Maigh Nuad i mí na Bealtaine.







Thacaidh Comhairle Contae Chill Dara le foilsiúcháin príomhsrutha le linn na bliana:

- ***Irish Rebel: John Devoy and America's Fight for Ireland's Freedom*** le Terry Golway (Merrion Press)
- ***Shackleton: The Voyage of the James Caird*** le Gavin Comiskey agus David Butler, úrscéal grafach (Collins Press)
- ***Seven Signatories*** le Paul Gorry (Merrion Press)
- ***The 1916 Rising Oral History Collection (Irish Life and Lore)***, a láinseáladh in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua, ar 24 Márta 2016.

Bhain an léiriú, deartha go speisialta le haghaidh 1916, le h-ábhair mar An Forógra, Éirí Amach 1916 agus Co. Chill Dara, Óglaigh na hÉireann agus iarmhairt an Éirí Amach.

Thar an contae, chuir cainteoirí díograiseacha ***léirithe*** ar fáil ar raon leathan d'ábhair, ina measc Tom Clarke, athair na Poblachta, Domhnall Ua Buachalla, Pat Colgan, Jim O'Neill, Mná 1916, Fir Chill Dara agus Cath an Somme, Ernest Shackleton, William Francis Roantree, Fínín Dearmadta Léim an Bhradáin, agus Roger Casement.




Tháinig tairbhe mór as infheistíocht i macsamhlachta d'***éidí, airm, bratacha agus earraí cuimhneacháin eile*** ó Óglaigh na hÉireann agus Cumann na mBan, mar a úsaideadh ag na reibiliúnaigh agus fórsaí na Corónach.

Ghaibh grúpaí áitiúla an deis chun na nithe seo a thógáil ar iasacht, agus bhí baint acu leis an sraith léachtanna do scoileanna.

Nochtadh plaic cuimhneacháin ar 25 Iúil 2016 do iar-rannpháirtí 1916, Michael Heffernan, i Reilig an ***Lána Tae,*** Cill Droichid. Cuireadh é in uaig gan mharcáil ann i 1954.

***Sraith Léachtanna 2016*** – I gcaitheamh na bliana, thug Mario Corrigan, Leabharlannaí Feidhmeannach Stáidéar Áitiúla Chill Dara, agus James Durney, Staraí Cónaithe, faoi ollsraith léachtanna ar fud an contae, agus cuairteanna á dhéanamh acu ar bunscoileanna agus meánscoileanna.



Láinseáil An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, an taispeántas ***A Revolutionary Journey – Éamonn O'Modhrain, Kildare and the 1916 Rising – The O'Modhrain Private Collection Revealed*** ar 28 Feabhra 2016. Bhí roinnt mór de chlann Éamoinn i láthair; thug Robert Doyle léacht faoi Éamonn O'Modhráin agus bhí gabháil álainn de Grace ó Lughaidh, garmhac le Éamonn.

Chuaigh an taispeántas ar túr thar líonra na leabharlainne i gcaitheamh na bliana.

D'fhoilsigh Seirbhísí Leabharlainne Chill Dara ***Rogha de Léamha Molta,*** chun cuidiú le léitheoiri leasmhara.

Ar 13 Aibreán 2016 nocht Éamon Ó Cuiv plaic cuimhneacháin sa Chorrchoill i gcuimhne ar fear áitiúil, ***Thomas Harris,*** a bhí i garastún Ard-Oifig an Phoist in 1916. Ar ocáid eile, rinne sé trácht ar ról a shean-athair, Éamon de Valera, i 1916, ag crinniú de Chumann Staire Chill Dara i mBaile Chill Dara

D'fhoilsigh ***Coiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/ Chill Droichid/Léim an Bhradáin*** féilire cuimhneacháin iontach.



















## *Eva Burke 1885-1974*

## *Bean ó Chill Dara in Ard-Oifig an Phoist 1916*



Rugadh Henry Burke in Albany, Nua-Eabhrac de thuismitheoirí Éireannacha, agus thaisteal sé go hÉirinn, áit inar bhuail sé le Maria Kelly ó Thiobraid Árann, agus phós sé í. Lonnaigh an lánúin nua-phósta in An Droichead, Cairbre, ina bhfuair siad feirm clainne trí oidhreacht i gCuanach. Dúradh gur mar chaitheamh aimsire a bhí Henry Burke ag gabháil don fheirmeoireacht, agus rinne sé feirmeoireacht go fairsing sa cheantar. Tá sé ar taifead i nDaonáireamh 1901 go raibh teach den chéad grád aige, le ceithre seomra agus naoi bhfuinneog. Bhí cúigear páistí sa taifead: John Joseph (14), Peter Paul (12), Henry George (11), William E. (8) agus James F. (5). Bhí Eveline Mary, a rugadh ar 3 Deireadh Fómhair 1885, ina scoláire cónaithe ag Coláiste agus Scoil Cónaithe Mhuire Sion, Sráid Eccles, Cé na nÓstaí, Baile Átha Cliath. I 1911 taifeadadh go raibh Eva Burke ina 'abhar bhanaltra', agus í ina cónaí in Áras Áltraí Ospidéil Ríoga Chathair Bhaile Átha Cliath i bPlás Eastmoreland.

Tar éis traenála, chuaigh Eva chun cónaí lena h-aintín ag Bóthar na Deargaile, Droim Conrach. Mar bhanaltra oilte, bhí cúram aici ar coirnéal scothaosta nuair a tháinig scéala go Droim Conrach go raibh an t-Éirí Amach tar éis briseadh amach. Rothaigh sí go Bhaile Átha Cliath agus dearbhaíodh di go raibh an t-Éiri Amach tar éis briseadh amach, agus ar ais léi go Droim Chronrach agus d'inis sí don choirnéal nach mbeadh sí ann ann cúram a thabhairt dó a thuilleadh. Tar éis rothaíocht a dhéanamh ar ais go lár na cathrach, chuir sí í féin in aithne do Phádraig Mac Piarais mar bhanaltra. Bhi deartháir léí, Frank Burke, i ngarastún Ard-Oifig an Phoist freisin, agus é lonnaithe ar dhíon an bhfoirgnimh.

Bhí Eva Burke i dteannta an Chaptaein Thomas Weafer nuair a lamhacadh agus maraíodh é maidin Dé Céadaion agus seilbh aige ar An Banc Ibeirneach ar chúinne Sraid na Mainistreach Iochtarach agus Sraid Sackville. De bharr tabhacht stráitéiseach an bhfoirgnimh bhí Weafer agus a chompánaigh in ann smacht a choimeád ar rochtain don sráid ó Stáisiún Sráid Amiens; bhí seilbh ag baill de gharastúin Ard-Oifig an Phoist ar roinnt bhfoirgnimh ar an dá thaobh de Sráid Sackville. Chócaráil baill de Chumann na mBan béilí agus chuidigh siad go ginearálta le na fir.

In Ard-Oifig an Phoist, bhí sí mar bhanaltra do Shéamais Ó Conghaile, a bhí gortaithe tar éis lamhacadh sa ruitín ag snípéir Sasanach. De réir scéil na clainne, nuair nach raibh sí in ann codladh d'fhág sí Ard-Oifig an Phoist agus d'fhill sí go dtigh a h-aintín i Droim Conrach. Tar éis codladh maith d'fhill sí go hArd-Oifig an Phoist an maidin dár gcionn. Agus an lá ag dul ar aghaidh, cailleadh smacht ar na tinte a bhí tar éis briseadh amach ar urláir uachtair Ard-Oifig an Phoist, agus ba léir go gcaithfear suíomh eile a aimsiú. Ordaíodh do mhná an gharastúin imeacht faoi chosaint ag Cumann na Croise Deirge. Seoladh Eva Burke leis na daoine gortaithe agus Cumann na Croise Deirge chuig Ospidéil Sráid Jervis.

Dar lena garmhac, Éanna de Burca, lean Eva le banaltracht tar éis an Éirí Amach agus ní raibh sí ina ball de Chumann na mBan. Gabhadh Frank Burke tar éis an géilleadh agus cuireadh i bpriosúin é i bPriosún Stafford agus i gCampa Imtheorannaithe Frognoch sa Bhreatan Bheag. D'fhill sé go hÉirinn ar Oíche Nollag 1916 agus bhuail sé le Eva agus é ar a bhealach go Droim Chonrac ar bord bus. D'fhill siad abhaile go Cairbre le haghaidh Lá Nollag 1916. Tar éis Coghadh na Saoirse bhí Eva fostaithe ag Bardas Átha Cliath mar bhanaltra. Fuair sí bás ag baile a dheartháir Frank i Ráth Fearnáin, i mí na Samhna 1974, agus í in aois a naoi mbliana agus ceithre scór.

**James Durney**
*Historian in Residence*

# 3 An Teanga Bheo

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

***Máire Ní Raghaillaigh, Bunaitheoir Chonradh na Gaeilge san Nás***
Mar chuid de Seachtain na Gaeilge, i Márta 2016, eagraíodh léacht i nGaelcholáiste Chill Dara ar 4 Márta 2016 mar chuimhne ar chuairt a thug Pádraig Mac Piarais ar Aerideacht i sean-phriosúin An Nás i 1903. Rinne Larry Ward trácht ar Mháire Ní Raghaillaigh ó Droim Conrach Co. na Midhe, a d'oibrigh mar chléireach do Brown & McCann, Dlídóirí, An Nás ó 1886 go 1906. Bhí sí páirteach i mbunadh brainse de Chonradh na Gaeilge i 1900 san Nás, agus ceapadh í mar rúnaí na brainse an bhliain dar gcionn. D'aithrigh sí go Bhaile Átha Cliath agus d'oscail sí siopa leabhar ag 87 Sráid Dorset Uachtarach, a bhí mar ionad slán d'Óglaigh a bhí ar a seachaint le linn Cogadh na Saoirse. Fuair Máire bás i 1951 agus cuiread í i láthair uaighe na clainne i mBaile Bhairéid, Co. Chill Dara
Bhí cláir nuálacha scoile agus leabharlinne chun tosaigh le linn

***Seachtain na Gaeilge.***
***'Súil siar ar 1916',*** Amharclann an Mhóta, An Nás, Comórtas drámaíochta trí Ghaeilge atá ar oscailt do gach grúpa óige/drámaíochta/ scoil lonnaithe i gCo. Chill Dara amháin.


Foilsíodh Clár ***Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara*** i nGaeilge agus i mBéarla agus bhí na fo-theidil uilig don físdiosca cuimhneacháin dá-theangach.




D'eagraigh Craobh Bheartla uí Fhlathara de Comhaltas Ceoltóirí Éireann i Léim an Bhradáin seó dar teideal ***'Memories of 1916'*** ag Club Mhuire CLG, Léim an Bhradáin. Le ceol agus amhráin a bhain le Éirí Amach na Cásca, chuir an seó cuimhneacháin ar an t-Éirí Amach ós comhair an lucht féachana trí cheol, amhrán agus rince traidisiúnta na hÉireann. Bhí breis agus dathad ceoltóirí, rinceoirí agus canaitheoirí páirteach sa léiriú speisialta seo. Anna Pegley a léirigh é agus bhí Ciarán Fitzgerald mar stiúrthóir ceoil.

***Chuir Sraith Léachtanna do Scoile*** 2016 béim ar náisiúnachas cultúrtha agus teanga na hÉireann mar chuid dá chuairteanna thar an chontae.

Thionóil ***One Voice – Allenwood Contemporary Choir*** ceiliúradh de cheol agus amhrán Gaeilge i Halla CLG Fhíodh Alúine. Aidan Donoghue a léirigh agus a reic é.
Sa léiriú bhí rince figiúirí le Grúpa Rince Alan McCormack agus seitrince le Brendan Swords agus a chairde.






# 4 An Óige agus an tSamhlaíocht

*Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016 Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.*

Cuireadh ***A Terrible Beauty – Exposed! The trial of General Sir John Maxwell and Pádraig Pearse*** i láthair in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua ar 7-8 Aibreán. Scríobh Mario Corrigan an drama aonghnímh seo agus léirigh Lianne O'Shea é. Bhí sé mar aidhm na ceisteanna a bhí taobh thiar den Éirí Amach a chur ós comhair an lucht féachana, é a léirmhíniú nó a ath-léirmhíniú, agus féachaint cad a tharla, cé'n fáth a tharla sé, agus an tionchar a bhí aige ar stair na tíre.
Bhí léirithe do mic léinn Deardaoin agus Dé hAoine.

Forbraíodh Paca Acmhainní do scoileanna i bpáirtíocht leis an drama. Sa phaca bhí na nithe seo leanas:

- 12 bileoga saothair - ina measc ceistneoir, staitisticí agus fíorais neamhghnách, amlíne imeachtaí, léarscáil agus léaráidí.
- Script an drama: ***A Terrible Beauty – Exposed! The trial of General Sir John Maxwell and Pádraig Pearse.*** Bhí an lucht féachana páirteach sa drama mar giúire sa trial ficseanúil
- Dlúthdiosca d'amhráin a chan teanóir Chill Dara, Philip Scott, le ceol na linne.

Chuir na mílte d'ábhair filíochta i mean-scoileanna ar fud na tíre iontrálacha do ***A Poem for Ireland.*** Fuair Jane Rigby, Coláiste Mhuire, An Nás an dara h-áit sa chomórtas náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Tháinig smaoineah réabhlóideach chun an t-Éirí Amach, agus idéil na ndaoine a chur i bhfeidhm é, a chuimhniú ar ***Lá an Fhorógra***, 15 Márta 2016, nuair a d'ardaigh gach scoil ar fud na tíre an Bratach Náisiúna ina gclóis scoile.














Cuireadh an chéad taibhiú de ***John Devoy – The Greatest of the Fenians,*** scannán fáisnéise le Donal Higgins, i grích ar 20 Eanair 2016 ag Ionad Éalaíon Bhruach na hAbhann. Tugadh cuireadh do mic léinn meánscoile don chéad léiriú, le seisiún Ceisteanna agus Freagraí dá éis le Donal agus James Durney, Staraí Cónaithe Chill Dara.

Dúirt Fiona Whiteley, múinteoir ó Meánscoil Phádraig, An Droichead Nua: *"Bhí sé de phribhléid agam ár mic léinn ón tríú blain a bhreith chuig an céad léiriú den scannán fáisnéise nua faoi Seán ó Dubhuí agus bhí an seisiún cesteanna agus freagraí ina dhiadh thar a bheith iontach. Bhain na mic léinn an-taitneamh as".*

Cuireadh an scannán i láthair do lucht féachana ginearalta níos déanaí sa tráthnóna agus bhí glacadh an-mhaith leis.

Thug Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara tacaíocht don bhfoilsiúchán ó Collins Press ***Shackleton – The Voyage of the James Caird; A Graphic Account*** le Gavin McCumiskey agus David Butler.

Thug Rannóg Staire Áitiúil Chill Dara cuairteanna ar deich scoileanna chun labhairt faoi Ernest Shackleton agus a nascanna le Contae Chill Dara.

Léiríodh Wasteland, dráma faoin aer a reachtaíodh ag ***Griese Youth Theatre,*** sa Teach Tionóil, Béal Átha an Tuair, Co. Chill Dara, ar 16 Meán Fómhair 2016, le script a scríobh Jim Burke.

Bhí ***An tAire Heather Humphreys*** i láthair ag láinseáil Through Peace and War: Kildare County Council in the Years of Revolution 1899-1926 le Thomas Nelson ar 19 Deireadh Fómhair 2015. Bhí daltaí ó Bhunscoil Phádraig, Droichead Nua mar gharda onóra ag an searmanas, agus iad gléasta in éidí míleata. Bhí siad tar éis taistil go Faichí Fhlóndras i 2014 i gcuimhne na bhfear ón Droichead Nua a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.

Ag Searmanas Clabhsúir Chontae Chill Dara ar 10 Nollaig 2016, bhronn An Clr. Ivan Keatley, Méara Chill Dara, duaiseanna ar na buaiteoirí sa chomórtais filíochta agus biora liopa, i láthair daoine in aois a gcéid ó Chill Dara, tuismitheoirí, múinteoirí, comhairleoirí agus polaiteoirí naisiúnta. Deireadh feiliúnach do bhliain nach ndéanfar dearmad air a bhí ann.

Bhí comórtas do dhaltaí scoile, chun ***Biora Liopa*** 1916/2016 a dhearadh, mar chuid de chlár an chontae. Bhí an bua ag Luke Hand, naoi mbliana d'aois, ó Scoil Bhríde, Baile an tSaghasaigh; bhí an-ghlacadh ar fud an chontae lena dhearadh soiléir agus ábhartha, inar ionchorpraíodh Cros Bhríde agus an bliain 1916. Roinneadh an biora do na leabharlanna agus scoileanna uilig i gContae Chill Dara.

Ar 17 Meán Fómhair 2016, ar ***Lá Súgartha Chontae Chill Dara,*** cuireadh béim ar pháistí agus ar stair shoisialta 1916, le cluichí, bia, éadaí agus drama tumthach do pháistí mar chuid den sraith Stair Beo.



# 5 Léiriú Cultúrtha

*Oibriú lenár bpobal cruthaitheach, lenár n-institiúidí cultúrtha náisiúnta agus lenár n-eagraíochtaí ealaíon eile chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a mbeidh i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.*







Bhí L***ittle Stories Little Prints,*** Tionscadal Amharc-Ealaíon Cuimhneacháin 1916 trí Phriontaíocht ar siúl in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua, ó 4-30 Aibreán 2016. Bhí caoga déantóirí priontaí ó thar na hÉireann páirteach sa tionscadal, agus aidhm ann feasacht ar imeachtaí timpeall ama Éirí Amach 1916 a bhí ar bheagán aithne a chur chun cinn. Eagraíodh foilsiúchán deartha, in eagrán teoranta, agus tionóladh roinnt ceardlanna do pháistí thar líonra na leabhairlainne contae.

Tionóladh ***Féile Léitheorí Chill Dara*** ó 14-16 Deireadh Fómhair, le imeachtaí a bhain le 1916, go h-áirithe tráthnóna le Joe Duffy agus Helen Litton, Ordinary Lives, Extraordinary Times; 1916 Through the Eyes of ordinary Dublin Citizens in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua.

Eagraíodh ***The Road to Rebellion,*** ceolchoirm chun an tÉirí Amach a chomóradh trí filíocht, prós agus amhráin, i ngach ceann de cúig Ceantar Bardasach Chontae Chill Dara; i dTeach Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid, Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, Droichead Nua, Teach Chartún, Maigh Nuad, Ionad Ealaíon Bhaile Átha Í, agus, faoi dheireadh, i Halla Bhaile An Náis ar 24 Aibreán 2016, comóradh lae an chéid ar Éirí Amach 1916.

Dob iad Philip Scott, Teanóir, Sophie O'Carroll, Soprán, Donal Hennessy, Pionadóir agus Liam Quinlivan, tráchtaire na taibheoirí. Tharraing an script le Mario Corrigan le chéile téamaí stairiúla agus liteartha, measctha le amhráin mór éilimh na linne, ina measc Danny Boy, The Foggy Dew, The Minstrel Boy, The Soldier's Song agus The Old Bog Road.

Thug Clár Chontae Chill Dara tacaíocht do phíosaí cheoil nua agus uathúil, ina measc The Michael Malin Suite, cumtha agus cóirithe ag ***Niall Ó Callanáin,*** Maigh Nuad.

















Cuireadh ***A Rebel's Heart – Centenary Celebration Concert*** ar bun ar 10 Aibreán 2016, le bun-cheol le ***Elaine Nolan,*** le ceolfhoireann agus cór.

Thionóil ***Club Grianghrafadóireachta Chill Dara Theas agus Bunscoil Phádraig, An Droichead Nua*** imeacht lae amháin ar 8 Meitheamh 2016, dar teideal 'Fun and Games a hundred years ago', sa scoil agus sna faichí imeartha ina aice láimhe. I measc na cluichí bhí tarraingt na téide, cluichí cnóanna capaill, rásaí barra rotha, rásaí ubh agus spúnóg, scidilí, cleas na bacóide agus brú pingin.

Bhí sé mar aidhm ag ***Tionscadal Ealáion Sráid Sackville 1916*** taispeántas tithe i bhfoirm 3T, mar chuimhne ar na síbhialtaigh a maraíodh le linn Éirí Amach 1916, a eagrú. Chruthaigh ealaíantóirí agus baill den phobail tithe ag seasamh do na síbhialtaigh éagsúla.

Toghadh Tionscadal Ealáion Sráid Sackville mar chuid d'imeachtaí ***RTÉ Reflecting the Rising*** ar Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath ar Luan Cásca 2016. Bhuaidh Comhairle Contae Chill Dara an catagóir Ealaíona a Choinneáil don Tionscadal Ealáion Sráid Sackville 1916 ag ***Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2016 de chuid Comhlachais na hÉireann.*** Ainmníodh an tionscadal freisin ***sa Chatagóir Teaspáinteas is Fearr ag Gradaim Tionscal na n-Imeachtaí 2016.***






All the Year's a Stage! Chuir ***Martina O'Reilly*** fir agus mná Maigh Nuad amach i dteannta ***An Nuadha Players*** céad bliain tar éis do 15 Maigh Nuad a mháirseail chun troda in Ard-Oifig an Phoist lena sár-dráma, Conquered Not We Were ar 26 agus 28 Márta 2016. Léiríodh é i Maigh Nuad agus i dtailte Theach Chartún. Rinneadh físdiosca den léiriú freisin.


Léirigh ***The Run of the Mill Inclusive Theatre Company*** agus ***Choices Day Programme,*** Seirbhísí Eoin Dé, Réigiún na Life, The Plough and the Stars i Celbridge Manor Hotel, ar 15 Nollaig 2016.

Thug an ceoltóir, scríbhneoir agus aisteoir, ***Fia Rua,*** féachaint dlúth ar saol mór-thirgráthóir Chill Dara, ina dhráma úrnua, 'From the plains – The story of John Devoy', ag Caifé Duck and Cup, Amharclann an Mhóta, An Nás, ar 18 Nollaig 2016.

Láinseail an Briogáidire-Ghinearál Joe Mulligan, Ginearál-Oigifeach i gCeannas, Campa an Churraigh, taispeántas le ***Michael Rowley.*** The artist remembers 1916, ag Músaem Míleata an Churraigh ar 16 Meitheamh 2016, agus leanadh ar aghaidh leis go dtí 5 Meán Fómhair.










# Teresa Brayton,

## Náisiúnaí, File agus Úrscéalaí



Rugadh an file náisiúnach Teresa Brayton mar Teresa Boylan i mbaile fearainn Chill an Srutháin, gar do Cluain Chonaire, ar 29 Meitheamh 1868, an cúigiú paiste i gclann de triúr buachaillí agus trúir cailíní. Iníon le Hugh Boylan, bhí a sin-seanathair ina bhall de na hÉireannaigh Aontaithe, agus é páirteach san ionsaí rathúil ar gharastún Sasanach sa Chorrchoill, Co. Chill Dara le linn Éirí Amach 1798. Agus í ina déagóir, mhair Teresa trí blianta corrach 'Cogadh na Talún', agus, ag éirí as a breathnaithe féin, agus stair clainne Boylan maidir le frithbheartaíocht glórach agus fisiciúil i gcoinne riail na Breataine in Éirinn, bhí an-eolas ag Teresa faoi comhrac na hÉireann ó bhí sí an-óg. Roimh a h-imirce go na Stáit Aontaithe i 1895, bhí sí ina múinteoir cúnta dá deirfiúr Elizabeth sa scoil náisiúnta áitiúil sa Bhaile Nua, agus tugadh aird mór ar a dánta spreagúla, scríofa faoin ainm T. B. Kilbrook, agus foilsithe i nuachtáin Éireannacha náisiúnta agus cúigeach.

I mBostún, i Chicago agus, níos déanaí, i Nua-Eabhrac, lean sí le scríobh, agus sholáthar sí scríbhinn do mór-chuid nuachtáin irisí Meiriceánacha. I Nua-Eabhrac, bhuail sí le Richard Brayton, feidmeannach Ceanadach-Francach sa Rannóg Airgeadais Bardasach, agus pósadh iad. Lean sí ag obair mar saoririseoir, ag scríobh go hiondúil don Irish World, inar foilsíodh a haltanna agus a dánta go rialta, agus dánta á sholáthar aici freisin go mórán foilsiúcháin eile. Bhí éilimh mór ar a dánta, a léirigh dúil an deoraí dá áit dhúchais, i measc imirceoirí ó Éirinn, agus bhí cáil uirthí i measc an pobal Gael-Mheiriceánach i Nua-Eabhrac. Agus í ar cuairteanna abhaile go h-Éirinn, bhí sí cáirdiúil le ceannairí Seachtaine na Cásca, agus thug sí go tréan faoi chúis na hÉireann, ag crinniú ciste, ag dáilleadh paimfléid, agus ag scríobh a náisiúnachas díograiseach i ndánta gur tugadh 'roisc catha coimhlinte dheireannach na nGael' orthu. Thaistil sí go Bhaile Átha Cliath go luath i 1914, áir inar bhuail sí le Pádraig Mac Piarais, agus scríobh sí gearrscéal dar teideal 'A day with Pádraig Pearse'.

*"Never did a more beautiful day dawn on the city of Dublin – grey, old Dublin, sutting there by the Liffey, ever lovely, ever sad, ever hopeful – than that morning when I set out from my northside lodgings to spend a Sunday at St. Enda's at the warm invitation of Pádraig Pearse. Some time before that I had met him in New York and he had told me about making a new record in scholastic affairs".*

Tionlacadh Teresa Brayton chuig Scoil Éanna, ahus bhuail sí le Padraig Mac Piarais, ar a thug sí 'an lasair gheal d'anam tré thine', agus bhí tae aici taobh leis an crann a chur Robert Emmet – 'an cupán tae is mó cuimhne air a bhí agam riamh', a scríobh sí. Chuaigh sí i dteannta an Phiarsaigh go crinniú na nÓglach, agus labhair sé i nGaeilge ar dtús, agus ansin d'aisrtrigh se go Bearla. D'fhág siad a chéile ag Ard-Oifig an Phoist i Sráid Sackville, "Nuair a fhillfidh mé ar ais go hÉirinn", adúirt Teresa, "beidh athrú ar chúrsaí". "Cinnte, beidh athrú ar chúrsaí", adúirt an Phiarsach. Ní bhuailfeadh Teresa leis an bPiarsach riamh arís, ach bhí an ceart aige – bhí athrú mór ar chursaí nuair a d'fhill sí go hÉirinn.

Bhí brón ar Teresa tar éis bású a gcairde, agus chaith sí, ar slabhra beag thar a muinéal, píosa den bratchrann ar a chrochadh bratach na hÉireann ag Ard-Oifig an Phoist ar Luan Cásca, 1916 – cuimhneachán a bhronn an Cuntaois Markievicz uirthi. Tar éis bás a fir chéile, d'fhill Teresa Brayton go h-Éirinn go deo i 1932, agus mhair sí ar feadh tamaill lena deirfiúr i mBré, agus níos déanaí in Ascaill Waterloo, An Trá Thuaidh. I 1941 d'fhill Teresa Brayton go a sean-bhaile i gCill an Sruthain, Co. Chill Dara, ina bhfuair sí bás dhá bhliain ina dhiaidh sin, ar 19 Lúnasa 1943, sa seomra céanna inar rugadh í.

**James Durney**
*Staraí Cónaithe*

### The Old Bog Road

*e here on Broadway this blessed harvest morn*
*ache that's in me for the spot where I was born*
*hands are blistered from toil in cold and heat*
*wing a scythe today through a field of Irish wheat*
*e chance to wander back or own a kings abode*
*ner see the hawthorn tree on the old bog road*

*er died last springtime when Erin's fields were green*
*ighbours said her waking was the finest ever seen*
*ere snowdrops and primroses all piled beside her bed*
*rn's church was crowded as her funeral mass was said*
*t here was I on broadway building brick by load*
*they carried out her coffin down the old bog road*

*Now life's a weary puzzle past finding out by man*
*ake the day for what it's worth and do the best I can*
*o-one cares a rush for me what needs to make a moan*
*go my way and earn my pay and smoke my pipe alone*
*Each human heart must know it's grief, though bitter be the load*
*O God be with you Ireland, and the old bog road*






# 6 Rannpháirtíocht Phobail



*Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.*

Cuireadh ***Athy 1916-2016,*** A Step Back in Time, ar bun ar 9 Aibreán 2016 in Ionad Oidhreachta – Músaem Bhaile Átha Í agus Cearnóg Emíle, mar espéireas den ghnathshaoil i mBaile Átha Í i 1916. Mheasc daoine le Óglaigh na hÉireann, saighdiúirí na Breataine, baill de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus daoine in éidí na linne. Cuireadh taispeántas, 'Baile Átha Í i 1916', ar bun sa mhúsaem.

Tionóladh ***Rith an Éirí Amach,*** (lena n-áiríodh Rith 10K Maigh Nuad nó Siúlóid Clainne 5K), ar 24 Aibreán ó Champas Oideachais Maigh Nuad, agus na céadta páirteach ann.

I measc buaicphointí cláir an chontae bhí ***Lá Súgartha Chontae Chill Dara,*** féile pobalbhunaithe bliaintiúil spraoi agus páirtíochta, a tionóladh i dtailte Áras Chill Dara, ar 17 Meán Fómhair 2016.

Bhí ***Grúpaí Staire Áitiúla agus Pobail*** chun tosaigh in ábhair a fhoilsiú agus in imeachtaí a eagrú. Ina measc go h-áirithe bhí Comórtas Aiste Chlub Staire Léim an Bhradain i mí Feabhra; Féilire Cuimhneacháin agus Sraith Léachtanna 1916 Ard Cloch-Cill Droichid-Léim an Bhradáin; d'fhoilsigh Cumann Staire Áitiúil An Churraigh, Grúpa Pobail Rátha Iomgháin, Grúpá Staire Áitiúil An Náis, Grúpa Oidhreachta Teresa Brayton, Grúpa Staire Áitiúil Dhroichead Nua agus Cumann Staire Chill Dara leabhair faoi 1916, le cóip don Fhorógra ina bhféilire bliaintiúil Chumann Staire Chill Dara.

Thionóil ***Club Seanré Na Forraí Móire*** ceiliúradh ar théama 1916 ar 28 Nollaig 2016, le rannpháirtíocht ó Cumann Forbartha Na Forraí Móire, Grúpa Drámaíochta Óige na Gríse, Club Rothaíochta High Nelly Choill Dúin, Banna Píob Na Forraí Móire agus Seilg Chill Dara.







Tionóladh searmanas eagraithe ag ***Celbridge Guided Tours*** chun Éirí Amach 1916 a chomóradh ag an Stiall ag geataí Theach Bhaile an Chaisleáin ar 26 Márta 2016. Sa searmanas bhí amhráin, léamh an Fhorógra agus ardú Bratacha na hÉireann.

Thosaigh imeachtaí ***Mhainistir Eimhín 1916*** ar 26 Márta 2016 le paráid le Gasóga aitiúila, Banna Píob Bhaile Átha Í agus Lord Edward's Own Re-enactmant Group. Leagadh fleasc ag leacht 1798 agus leigh páistí áitiúla an Forógra. Bhí mór-athachtú ar Chath Aontais Bhaile Átha Cliath Theas.

Bhí spiorad pobail iontach le feiceáil ag ***Aonach Sráidbhaile Bhaile Riobaird*** bliaintiúil, le cuimhne ar ghéilleadh 1916 agus ról Chaptaein Airm na Sasana, Harry de Courcy Wheeler, gurb as Baile Riobaird é. Mar bhuaicphointe an imeacht bhí eocharaitheasc ó Alex Findlater, garmhac le de Courcy Wheeler, a scríobh 1916 Surrenders – Captain H. E. de Courcy-Wheeler eye-witness account.

Ar 4 Nollaig, nocht an grúpa eagraithe i mBaile Riobaird leac Fhorógra agus bínse cuimhneacháin ar Thaobh na Canála.

D'eagraigh Seirbhísí Leabharlainne Chill Dara ***comórtas vótalá ar an t-amhrán is fearr leat ó 1916,*** i gcomh-oibriú le stáisiún raidio pobail KFM.

I Revolution! 1916, tionscadal pobail tumthach uathúil, bhí taispeántas faoin aer ag Paul Woods, éalantóir ón Droichead Nua, ag Áras Chill Dara – sraith pictiúirí móra le béim ar scrios uirbeach le linn 1916. Bhí an taispeántas le feiceáil ar an slí isteach coisithe ó 28 Meitheamh go 30 Meán Fómhair 2016.

Fógraíodh plean le haghaidh cuimhneachán buan do Eámon ***'Ned' Broy*** ag Comhar Creidmheasa Rátha Iomgháin ar 17 Lúnasa 2016, agus a iníon Aine Broy i láthair mar aoi oinigh.

Cuireadh mná fuinniúla, dochlóite 1916 chun tosaigh i ***Making of her-story,*** inar léirigh sé aisteoir a scéalta iontacha le Éirí Amach na Cásca mar chúlra. Anne Mekitarain agus Bredha Sexton a cheap agus a léirigh é, agus cuireadh ar stáitse é in Amharclann an Mhóta, An Nás ar 5-9 Aibreán agus 15-16 Aibreán.

Cuireadh críoch le Clár Chontae Chill Dara 1916/2016 Dé Satharn 10 Nollaig 2016 ag Áras Chill Dara, Pairc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara. Bhronn Ivan Keatley, Méara Chill Dara, Biora Liopa 1916 agus scrolla cuimhneacháin ar ***naonúr ó Chontae Chill Dara a bhí in aois a gcéid*** ag searmanas i Seomra na Comhairle.






Rinne ***Paróiste Dhroichead Nua*** Éirí Amach 1916 a chomóradh le Seirbhís Urnaithe don Síochváin in Eaglais Chonnla ar 24 Aibreán 2016



# 7 Éireannaigh ar fud an domhain agus an Diaspóra

*Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag tabhairt chun cuimhne, ag léiriú agus ag athshamhlú*

Thar 2016 taifeadaigh roinnt mór d'imeachtaí Chontae Chill Dara don dream a thoicfaidh inár ndiaidh i scannáin agus i ngrianghrafanna. Léiriodh gearr-scannán ***'A Year in the Making'*** chun cuid mór de na h-imeachtaí, tionscadail agus daoine, a chuir go mór leis an bliain faoi leith a bhí i Bliain Chomóradah 1916/2016, a chur ós comhair an phobail. Bhí mór-fhreagairt ar an scannán thar an domhan.

Tionóladh ***Ireland's Call. The Kildare Diaspora and the 1916 Rising,*** seimineár lae amháin ar 17 Meán Fómhair in Ollscoil Maigh Nuad. Bhí An Dr. Ciaran Reilly ina chathaoirleach air ,agus bhí James Durney, Olive Morrin, Michael Kenny, Donal Higgins agus Frances Christ páirteach ann.













Thaisteal Frances ó Nua-Eabhrac chun plaic a nochtadh ag Páirc CLG Chill Chóca, i gcuimhne ar a sin-seanathair John Kenny, ó Baile Uí Bhranagáin, Cill Chóca, crann taca mór le Seán Ó Dubhuí.

I measc abhair an seimineáir bhí: ***John Devoy,*** an Fínín ba mhó, a rugadh ag An Cnoc Glas, An Chill; ***John Kenny,*** teachtaire ó Chlann na nGael a rug leis airgead ó Meiriceá chun an t-Éirí Amach a mhaoiniú; ***Teresa Brayton,*** náisiúnaí, file agus scríbhneoir, agus cara le cuid mór de cheannaraí an Éirí Amach; an deoraí Fíníneach ***William Francis Roantree,*** a bhí ocht mbliana agus ceithre scóir d'aois ag an am, agus cáil air de bharr gur spreag sé baill an gharastúin in Ard-Oifig an Phoist; agus ***Jack Fitzgerald,*** ón Droichead Nua, agus cáil air mar imreoir don Chontae agus mar Chathaoirleach ar CLG Chill Dara, a gabhadh agus a chuireadh i bpríosúin tar éis an Éirí Amach.

Léirigh Showstoppers ***The Songs of Percy French*** ar 23-24 Deireadh Fómhair ag Halla Bhaile An Náis, le ceol na linne. Tharla seo ag an am céanna le nochtadh dealbha Sheáin Uí Dhubhuí agus cuairt ó Chumann Chill Dara Nua-Eabhrac.






*Cainéal YouTube Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara*



**Cainéal YouTube Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara**

Ar Cainéal YouTube Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara, tá rogha físeáin gearra a léiríonn imeachtaí éagsúla a tharla thar an chontae chun comóradh céad bliain ar Éirí Amach 1916 a cheiliúradh. Taispeántar sna fiseáin imeachtaí a tharla i mBaile Átha Í, Léim an Bhradáin, Maigh Nuad, Mainistir Eimhín, An Nás, An Droichead Nua agus Teach an Dá Mhíle





*Leathanach Facebook Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara*





*Twitter*









# Imeachtaí 1916 / 2016

*Liosta de na h-imeachtaí go léir a tharla i gCo. Chill Dara, lena n-áirítear iad siúd a eagraíodh, a tacaíodh nó a éascaiodh ag Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara.*

## 2015

**14 Bealtaine.** Tionóladh comhairliúchán poblí ag Ostán Osprey, An Nás, chun conas ab' fhéidir le Contae Chill Dara Éirí Amach 1916 a chomóradh a phlé.

**20 Bealtaine.** Thug baill de Choiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara cuairt ar Árdscoil na Trionóide, Baile Átha Í, chun ceist a chur ar na daltaí cad a theastaigh uathu a fheiceáil agus a dhéanamh le linn bliain comóradh céad bliain.

**10 Meitheamh.** Léirigh daltaí ó Bhunscoil Phádraig, An Droichead Nua a dráma 'Off to the Front' in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua, mar chuid de June Fest.

**11 Meitheamh.** Thug an tAire Heather Humphreys cuairt ar Áras Chill Dara, inar chuir daltaí ó Bhunscoil Phádraig garda onóra ar fáil agus iad gléasta in éide Airm na Breataine, i gcuimhne ar na fir ón Droichead Nua a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.

**10 Iúil.** Deimhníodh seasca-sé deontais Deich mBliana na gCuimhneachán do ghrúpaí áitiúla.

**6 Lúnasa.** Chuir Coiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/Chill Droichid/Léim an Bhradáin tús lena chlár le caint faoi 'Tom Clarke, Father of the Irish Republic', le Jim Doyle, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.


**5 Meán Fómhair.** Chuir James Durney, Staraí Cónaithe Chontae Chill Dara, tús lena sraith léachtanna 'Foremost and ready. Kildare and 1916' do Phriontálaithe Chill Dara in Ionad Pharóiste Chlaonadh.

**7 Meán Fómhair.** Sraith Léachtanna Ghrúpa Staire Áitiúla Chill Droichid: 'Art O'Connor', le James Durney, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.

**29 Meán Fómhair.** Sraith Léachtanna Ghrúpa Staire Áitiúla Dhíseart Diarmada: 'Foremost and ready. Kildare and 1916', le James Durney, in Ionad Pobail Theach Diarmada.

**1 Deireadh Fómhair.** Bhronn baill d'Fhorsaí Cosanta na Éireann an Bratach Náisiúnta ar Mary Hannon, dalta i Scoil Speisialta San Raiféal, Cill Droichid, chun comóradh céad bliana an Éirí Amach a cheiliúradh. Bhí sin-seanathair Mary, Micheal Lynch ó Áth an Mhuilinn, Cill Mheáin, Co. Mhaigh Eo, ina cheannfort ar Bhriogáid Mhaigh Eó Theas, IRA.

**8 Deireadh Fómhair.** Bhí sé d'onóir ag Sam Wynne, dalta ó Rang a Dó, an Bratach Náisiúnta agus an Forógra a ghlacadh ag Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, An Droichead Nua. Throid a shinseanathair agus a shin-seanuncail, Patrick agus John Moore, in Ard-Oifig an Phoist.







**15 Deireadh Fómhair.** Léacht de chuid Choiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/Chill Droichid/ Léim an Bhradáin, 'Women of the Revolution', le Liz Gillis, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.

**19 Deireadh Fómhair.** Láinseail Thomas Nelson a leabhar Through Peace and War: Kildare County Council in the Years of Revolution, 1899-1926, in Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás.

**21 Deireadh Fómhair.** Chruthaigh an Tionscadal Ealaíon Sackville 1916 262 mionsamhail tí, deartha ina n-aonair, ceann do gach sibhialtach a maraíodh san Éirí Amach. Láinseáladh an tionscadal ealaíon in Ionad Oidhreachta Bhaile Átha Í, agus thaisteail sé go h-ionaid eile thar na tíre, ina measc taobh amuigh d'Árd-Oifig an Phoist. Ciara O'Keeffe, ealantóir ó Bhaile Átha Í, a réadthiomnaigh é, agus forbraíodh é le Aisling Moran, Maggie Owens agus Sharon Harris Byrne.

**23-24 Deireadh Fómhair.** Dhá ceolchoirm léirithe ag Mona Conroy, Owen C. Lynch agus Showstoppers i Halla Bhaile An Náis, mar chuimhne ar chomóradh céad bliain ar léirithe Percy French ann.

**24 Deireadh Fómhair.** Seimineár Bliaintiúl Chónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Chontae Chill Dara i Halla Bhaile Chill Chuillinn. Bhí Adhamhnán Ó Súilleabháin, a thug léacht faoina sheanathair, Domhnall Ua Buachalla, iar-rannpháirtí 1916, ina aoí-chainteoir.



**25 Deireadh Fómhair.** Cuireadh tús le ceiliúradh chomóradh céad bliain Chontae Chill Dara le nochtadh dealbha do Sheáin Uí Dhubhuí i gCearnóg na Poibleoige, An Nás. Nocht An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, agus Kevin O'Malley, Ambasadóir na Stát Aontaithe, an dealbh, don té gur thug Padraig Mac Piarais 'an Fínín ba mhó' air.

Bhí comh-oibriú maidir le tógáil an dealbha idir Coiste Sheáin Uí Dhubhuí de Chumann Chill Dara, Nua-Eabhrac, Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara agus Grúpa Staire Áitiúil An Náis.

Láinseáladh Clár Comórtha Céad Bliain Chill Dara i bPlás Nic Amhlaigh, An Nás, ag An Clr. Fiona O'Loughlin, Cathaoirleach Choiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara, agus Marian Higgins, Comhordaitheoir an Chontae.

**12 Samhain** Laochra Gael, Amharclann Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. Ceol le The Druids, le Tommy Keane, píobaire uilleann, Áine Holland agus Shay Roche. Alan O'Neill a scríobh agus Noel Shannon a eachtraigh.

**20 Samhain.** Láinseáladh Foremost and ready. Kildare and the 1916 Rising le James Durney i Halla Bhaile An Náis.


**28 Samhain.** Coiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/Chill Droichid/Léim an Bhradáin: lá léimh agus taispeantas d'earraí cuimhneacháin, Celbridge House Hotel, Cill Droichid.

Léirigh Seán Brennan, amhránaí is scríbhneoir ón Corrchoill, a dhá bailéad nua, We Remember the People of Easter 1916 agus Seán Mac Diarmada ag an imeacht

**3 Nollaig.** Láinseáil oifigiúil de Comóradh Céad Bliana 1916 Maigh Nuad in Áras na nGásóg, Maigh Nuad.






**25 Eanair.** Láinseáileadh 'Little Stories, Little Prints. A 1916 Commemorative Visual Arts Project through Printmaking', clár bliana de thaispeántais agus ceardlanna ag Músaem Beag Bhaile Átha Cliath, Faiche Stiabhna. Pamela de Brí a chur le chéile agus a chomhordaigh, le cabhair ó Margaret Becker, stiúrthóir agus bainisteoir Stiúideo Priontála Laighin, agus le tacaíocht ó Seirbhís Ealaíon agus Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Dara. Bhí cúig ealaíontóir déag ó cheantar Chill Dara páirteach ann.

**26 Eanair.** Sraith Léachtanna Ghrúpa Staire Aitiúla Dhíseart Diarmada, 'Archaeology of the Easter Rising, le Franc Myles, Ionad Pobail Theach Diarmada.

**30 Eanair.** D'óstáil Grúpa Ealaíon An Náis an léiriú 'Foremost and ready. Kildare and the 1916 Rising', le James Durney, ag Ionad Cúraim na Sean, An Nás.

**4 Feabhra.** Ar Lá na Seantuismitheoirí, thug Hannah O'Connor, naionán sinsearach ó Scoil Cailíní na Toirbhearta, Maigh Nuad, ómós dá sinsear, An Banaltra Elizabeth O'Farrell, trí seacadach doiciméid géillte na reibiliúnach a athachtú.

**9 Feabhra.** 'Kildare and the 1916 Rising': léiriú le Mario Corrigan, Ionad Oidhreachta Bhaile Átha Í.




## 2016

**1 Eanair.** Chan daltaí ó Cór Scoil Mhuire, An Droichead Nua ag láinseáil Cláir Comóradh 1916 an Stáit ag an tIonad Comhdála Náisiúnta, Baile Átha Cliath, imeacht a thaifeadadh le haghaidh craoladh náisiúnta. "Tá na buachaillí agus cailíni an-chorraithe faoi bheith páirteach san imeacht cinniúnach seo", adúirt an múinteoir Louise Moore, "agus is slí iontach é dúinn chun tosach a chur le comóradh 40 bliain dár scoil féin".

Thosaigh comóradh 1916 i Maigh Nuad le hÁrdú Bratacha searmanach ag meán lae. Paul Clark, Iar-Shairsint Searmanach le na Fórsaí Cosanta, a dhearaigh an bratach, a bhí ar crocadh i gCearnóg Tí na Cúirte, Maigh Nuad, ar feadh na bliana.

Bhí Michael Quinn ó Maigh Nuad ina Chomhordaitheoir ar Chomórtas Filíochta Idirnáisiúnta eagraithe ag Reclaim the Vision of 1916, tionscnaíocht saoránach féin-mhaoinithe. Eagraíodh an imeacht faoin téama 'The Vision of 1916. Yesterday, Today and Tomorrow, le Bonn Thomáis Mhic Dhonnchadha mar phríomh-dhuais.

**12 Eanair – 1 Meitheamh**. Cuireadh an léiríu 'Kildare and the 1916 Rising' le Mario Corrigan agus James Durney, ar fáil do 96 scoileanna.

**19 Eanair.** Láinseáil Pat Nally, Cuanach, leabhrán 'Carbury 1916 Rising and the War of Independence'.

**20 Eanair.** Cuireadh an céad léiriú den scannán fáisnéise John Devoy. The greatest of the Fenians, leis an scannannóir Donal Higgins ón Nás i láthair ag Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua.




**11 Feabhra.** D'eagraigh Coiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad tráth na gceist boird ag Brady's Clockhouse, Maigh Nuad, mar ocáid tiomsaithe airgid le haghaidh a comóradh céad bliana ar 1916. Bhí portráid Shéamais Uí Chonghaile, deartha agus deonta ag Billy McAndrew, á thaispeáint ag an imeacht, agus ceantáileadh í tar éis an imeacht ar Domhnach Cásca.

D'eagraigh Líonra Chill Dara cúrsa ocht seachtaine 'Women of 1916' i gcomhoibriú le Bord Oideachais agus Oilíuna Chill Dara agus Chill Mantáin agus an Ionad Breisoideachais agus Traenála, An Nás.

D'óstáil Grúpa Staire Ráth Chofaigh an léiriú 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney, in Ionad CLG Ráth Chofaigh.

**15 Feabhra.** Láinseáil oifigiúil ag An tOllamh Thomas Dooley, Ollscoil Maigh Nuad, de Through Peace and War: *Kildare County Council in the years of Revolution 1899-1926,* le Thomas Nelson, ag Teach Chartún, Maigh Nuad.

**17 Feabhra.** Thionóil Grúpa Staire Áitiúil Chlaonadh agus an bailéadghrúpa Rossa oíche Ceoil, Amhrán agus Filíochta a bhain le Éirí Amach 1916, i gClub CLG Chlaonaodh, Bóthar na Corrchoille.

D'óstáil Ionad Acmhainní An Dhroichead Nua an léiriú 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney.



**19 Feabhra.** D'óstáil Grúpa Staire Éadain Doire an léiriú 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney, mar chuid da Seimineár 1916 ag Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire, Co. Uibh Fháilí.

**20 Feabhra.** Nochtadh plaic i gcuimhne ar Edward Bridgeman, ball de Chomplacht C, 1ú Cathlán, Oglaigh na hÉireann, taobh amuigh de shiopa Uí Loinsigh, Cill Droichid.

D'óstáil Alice's Restaurant, An Nás, 'The Unmanageable Revolutionaries', tráthnóna filíochta agus amhráin.

**21 Feabhra.** Nocht An Clr. Frank O'Rourke agus Staraí Cónaithe James Durney plaic ag Lawlor's Hotel, An Nás, i gcuimhne ar dinnéar a eagraíodh d'iar-rannpháirtithe 1916 ó Chill Dara faoi Aibreán 1949.

**23 Feabhra.** Reachtáileadh 'Remembrance and Rebellion 2016 Project', taispeántas agus ceiliúradh, ag Solas Bhríde, mar chuid d'Fhéile Foghlaimeoirí Sinsearacha Aontais, eagraithe ag an Seirbhís Oideachais Pobail i mBaile Chill Dara.


Chuir an nuachtáin *The Nationalist and Leinster Times* tús le sraith deich airteagail faoi daoine ó Chill Dara le baint acu le Éirí Amach 1916.

Sraith Léachtanna le Grúpa Staire Áitiúil Dhíseart Diarmada, 'Ireland and India – Shared Histories, le Kate O'Malley, in Ionad Pobail Theach Diarmada.

Léacht le Cumann Staire Maigh Nuad, 'Patrick Colgan of the Maynooth 15', le John Colgan.

**28 Feabhra.** Láinseáil An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, taispeántas faoi Eamonn Ó Modhráin, inar léiríodh aistear idé-eolaíoch náisiúnaí agus poblachtaigh suntasach ó Bhaile an tSaghasaigh,





An Currach, ag Geallaraí Mhic Cionaoith, Ionad Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua.

Tháinig ball dá chlainn, Robert Doyle, Áth Garbháin, ar na déantain a bhí a thaispeáint, agus áiléar a ghlanadh amach aige i 2010. Leanadh leis an taispeántas go 18 Márta, agus tar éis sin cuireadh ar siúl é i na leabharlanna go léir i gContae Chill Dara.

**1-15 Márta.** D'eagraigh Scoil Muire Sóisearach, Baile Uí Mhaine, sraith d'imeachtaí, ina measc ceol beo, scéalta 1916 a roinnt, rince, drama tóstail, searmanas ardaithe bratacha agus an Forógra a léamh.

**2 Márta.** Láinseáil Cumann Staire Chill Dara *Kildare Town. A Year in the Life,* leabhar a rinne comóradh ar Éirí Amach 1916 agus an saol i mBaile Chill Dara, a cuireadh le chéile faoi churam Joe Connelly agus Mario Corrigan. Tar éis seo, bhí léiriú de 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney.

Láinseáil Ollscoil Maigh Nuad cartlann ar-líne, Tionscadal 'Letters of 1916' leis an Rannóg Daonnaiochta Digiteacha, ina raibh litreacha a scríobhadh idir Samhain 1915 agus 31 Deireadh Fómhair 1916.

**4 Márta.** Rinne Larry Ward léiriú ar Máire Ní Raghallaigh, ball bunaidh de Chonradh na Gaeilge san Nás, i nGael-Choláiste Chill Dara.

**5 Márta.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do pháistí i Leabharlann Pobail Maigh Nuad.

**8 Márta.** Thug Big Mountain Productions, Two Tube agus RTÉ 2FM cuireadh do dhaoine idir 11 agus 17 bliana d'aois i gCill Dara scannán nó clos-léiriú nóiméid amháin a chruthú chun a bhfreagairt pearsanta ar Lá an Fhorógа a chlárú nó a léirmhíniú, le haghaidh clár fáisnéise leath-uaire – 'Project Proclamation'.

Chun Seachtain Náisiúnta na gCrann agus 1916 a chomóradh, cuireadh crann darach, a dheonaigh Comhairle Crann na hÉireann, ag Scoil Chonnla agus Mhuire, An Droichead Nua.

D'óstáil Trúpa 23 Gasóg Chill Dara, Na Solláin, léiriú de 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney, ag Scoil Náisiúnta na Sollán.

**10 Márta.** Eagraíodh ceardlann d'aosaigh agus do pháistí chun focail agus miniú Amhráin na bhFiann a fhoghlaim, mar chuid de Seachtain na Gaeilge, i Leabharlann Pobail An Náis.

**11 Márta.** D'óstáil Iar-Bhunscoil An Churraigh, i dteannta le na Fórsaí Cosanta, 'Ireland from 1916 to 2016' ag Giomnáisiam An Churraigh. Bhí pearsanra míleata i láthair chun gunnaí agua fearas a d'úsáideadh i 1916 a thaispeáint.

D'eagraigh Ardscoil na Trionóide, Baile Átha Í, lá d'imeachtaí comórtha.

D'eagraigh Iar-Bhunscoil an Teaglaigh Naofa, An Droichead Nua, lá d'imeachtaí comórtha, ina measc léirithe agus drama tóstail.

**12 Márta.** D'eagraigh Cumann Seandálaíochta Chontae Chill Dara seimineár, 'Remembering 1916', i Killashee House Hotel, An Nás. I measc na cainteoirí bhí an tOllamh Roy Foster; An tOllamh Raymond Gillespie, Ollscoil Maigh Nuad; Hugh Crawford, Uachtarán CSCCD; An Dr. Darragh Gannon, Ard-Mhúsaem na hÉireann; Mario Corrigan, Leabharlannaí Feidhmeannach, Rannóg Staire Áitiúil, Comhairle Contae Chill Dara; An Dr. Séamas Ó Maitiú; Gerard Long agus An Briogáidire-Ghinearál John Martin (Ar Scor).

**14 Márta.** D'óstáil Líonra Chill Dara agus Seirbhís Oideachais an Pobail (BOO CD/CM) imeacht in Eaglais na Príomh-Sráide, An Nás, chun Lá Idirnáisiúnta na mBan 2016 a cheiliúradh. Mar príomhchainteoir bhí Marja Almqvist, Bunaitheoir an Yarn School, scoil teicstíleach pobail-bhunaithe sa Droichead Órga, bainisteoir ar an dtionscadal '77 Women Commemoration Quilt', a forbraíodh i gcomh-oibriú le Tionscadal Athchóirithe Dhúin Richmond.

D'óstáil Probus, An Nás an léiriú 'Foremost and Ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney, ag an Town House Hotel, An Nás.

D'óstáil Priosúin Lár na Tíre an léiriú 'Foremost and Ready, Kildare and the 1916 Rising', le James Durney.





**15 Márta.** Lá an Fhorógra. Tionóladh searmanais speisialtail scoileanna thar an chontae inar ardaíodh an Bratach Náisiúnta agus léadh an Forógra. I mórán scoileanna, bhí imeachtaí eile mar céilithe, ceadail ceoil agus léamha.

I Scoil Náisiúnta Theach an Dá Mhíle, bhí sé d'onóir ag Shaun Pearse, ó Rang a Cúig, mac mic garpháiste le Séamas Ó Conghaile, an bhratach a ardú. Bhí Aileen Sheridan, garneacht le Tomás Mac Donnchadha, ina aoí ann freisin.

I Scoil Bhríde, Cill Chuillinn, d'ardaigh an dalta Jack Carroll an Bratach Náisiúnta. Throid a shin-sin-seanathair Peter Celestine McPartlin, mar bhall de na Hibernian Rifles i 1916.

Bhí Bernie Campbell, cónaítheoir ó Ráth Chofaigh, faoi bhun cúig mí d'aois nuaír a bhris Éirí Amach 1916 amach i mBaile Átha Cliath. D'ardaigh sé an Bratach ar an lá i Scoil Náisiúnta Naomh Mochua. I Scoil Íde, Cill Midhe, chaith Aaron Buckley boinn a sheanathair ag searmanais árdú na Bratacha agus léimh an Fhorógra.

I láthair ag an searmanas i Scoil An Urnaí bhí beirt garpháistí de gharpháistí Shéamais Uí Chonghaile, Megan Broughall Pearse agus Gavin Brennan Pearse.

I Scoil Naíonán Chonnla, An Droichead Nua, d'ardaigh Louis Brugha, mac le garpháiste Chathal Brugha, agus a athair Ruairí Brugha, an Bratach Náisiúnta.

**16 Márta.** Láinseáil Grúpa Staire Áitiúil An Dhroichead Nua Newbridge in 1916 in Ionad Bord na Móna, in iar-Sheomra Léamh agus Áineasa Bearaicí An Dhroichead Nua.

**17 Márta.** Bhí téama a bhain le 1916 ag móran de pharáidí Lá le Pádraig i gContae Chill Dara. 'An Saol i mBaile Átha Í i 1916' a bhí mar téama ag paráid Bhaile Átha Í.

'1916 go 2016 -100 bliain á cheiliúradh' a bhí mar téama ag paráid An Dhroichead Nua, agus bhí Banna Píob agus Druma Ord na nIar-Saighdiúirí chun tosaigh ann. Bhí Tom Malone, Uachtarán Saoil ar Chlub Mhuire CLG, go raibh baint ag a chlann leis an Éirí Amach, ina cheannaire ar pharaid Léim an Bhradáin.

'Súil siar ar 1916', Amharclann an Mhóta, An Nás, Comórtas drámaíochta trí Ghaeilge, ar oscailt do gach grúpa óige/ drámaíochta/ scoil lonnaithe i gCo. Chill Dara amháin.

**19 Márta.** 'A salute to 1916': taispeántas ag Club Gailf Bhaile an Chradógaigh, le Pat Cullen.

**20 Márta.** Láinseáil Barbara Dunne, pianadóir agus cumadóir ó Chill Droichid, dlúthdiosca sa Victorian Tea Rooms, Straffan Antiques, Barberstown, le sé fonn déag claisiceach Gaelach, taifeadta mar cheol don piano.

**22 Márta.** Cuireadh tús le Sraith Léachtanna Coiste Comórtha 1916 Bhaile Átha Í in Ionad Ealaíon an Phobail, Sráid Woodstock, Baule Átha Í, le 'Foremost and ready , Kildare and the 1916 Rising', le James Durney.

D'óstáil Eoghan Corry caint stairiúil faoi Ard Cloch agus Éirí Amach 1916 i CLG Ard Cloch, le scéalta ó sliochtnóid de dhaoine a bhí páirteach ann.

**23 Márta.** Cuireadh Madame de Markievicz on Trial, drama a scríobh Ann Matthews, agus a léirigh Anthony Fox, i láthair in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua.

**24 Márta.** Láinseáil Irish Life and Lore The 1916 Rising Oral History Collection Deardaoin an Chásca in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. San imeacht seo bhí naoi dtaifead a chur Maurice O'Keeffe le chéile, léirithe ag baill clainne de Tom Byrne, Eagraí do Chontae Chill Dara; Domhnall Ua Buachalla, Complacht Maigh Nuad, Óglaigh na hÉireann; Pat agus Jim Dunne, Complacht An Chill, Óglaigh na hÉireann; Thomas Harris, Complacht na Corrchoille, Óglaigh na hÉireann; Seán McGlynn, Mainistir Eimhín, Garastún Aontais Bhaile Átha Cliath Theas; Frank Burke, Cairbre, Garastún Ard-Oifig an Phoist; Eamon Broy, Ráth Iomgháin, Póilíní Chathair Átha Cliath; An Captaen Harry de Courcy Wheeler, Oifigeach Foirne, Arm na Breataine.





**26 Márta.** Tionóladh searmanas eagraithe ag Celbridge Guided Tours chun Éirí Amach 1916 a chomóradh ag an Stiall ag geataí Theach Bhaile an Chaisleáin Sa tsearmanas bhí amhráin, léamh an Fhorógra agus ardú Bratacha na hÉireann.

'Chuir An Nuadha Players 'Conquered not we were', a scríobh agus a léirigh Martina O'Reilly, i láthair i gColáiste Phádraig, Maigh Nuad.

Thosaigh imeachtaí Mhainistir Eimhín 1916 le paráid le Gasóga aitiúila, Banna Píob Bhaile Átha Í agus Lord Edward's Own Re-enactmant Group. Leagadh fleasc ag leacht 1798 agus léigh páistí áitiúla an Forógra. Bhí mór-athachtú ar Chath Aontais Bhaile Átha Cliath Theas.

Eagraíodh ocáid stáit ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ar Satharn an Cásca do breis agus 4,500 gaolta leo siúd a bhí páirteach san Éirí Amach. D'fhreastail roinnt mór de mhuintir na rannpháirtithe ó Chontae Chill Dara ar an ocáid, ina measc Colette Collins, An Bhuaile, a chaith boinn 1916 a h-athair James Prendergast, nach maireann. Tháinig Roger agus Viv O'Neill, garpháistí leis an Ceannfort James O'Neill, Léim an Bhradáin, ó Pietermaritzburg, Cúige Natal, An Afraic Theas, le haghaidh Comóradh 1916. Thóg O'Neill, iar-rannpháirtí ó 1916, áit Shéamais Uí Chongaile mar cheannaire ar Arm Cathartha na hÉireann.

D'eagraigh Coiste Pharáid Lá Fhéile Phádraig Léim an Bhradáin imeacht Éirí Amach na Cásca. Thosaigh sé ag Stáisiún Dóiteán Lána an Mhuilinn, agus lean se ar aghaidh go h-áras teaghlaigh cheannaire Airm Cathartha na hÉireann, James O'Neill, ag barr Ascail Mhic Giolla Dhuibh. Bhí an Captaen Deirdre Carbery, ón Nás, Fórsaí Cosanta, ina reachtaire ag Comóradh Stáit 1916 ag Ard-Oifig an Phoist.

Thug sí aitheantas dá sin-seanathair, Charles Carbery, a fhreastail le ceannaire na reibiliúnach Éamonn Ceannt le linn an Éirí Amach.


Tionóladh 'Road to Rebellion: Songs that roused a nation', an céad ceann de cúig ceolchoirm thar an contae, a scríobhadh ag Mario Corrigan, in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. Léirigh Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessey agus Liam Quinlivan ceol agus léimh ó thréimhse 1916.

**27 Márta.** Nochtadh plaic cuimhneacháin 1916 ag Gairdín Comórtha Bhaile Chill Dara ar maidin Domhnach Cásca, le Mary O'Connor, Cathaoirleach Ghrúpa Oidhreachta Bhaile Chill Dara, Pat Allen, Uachtarán Chumann Staire Bhaile Chill Dara, comhairleoirí áitiúla agus baill den phobal i láthair.

Nocht Joe Harris, nia le iar-rannpháirtí 1916 Tom Harris, plaic Foróga i Sráidbhaile An Bhaile Nua ar Domhnach Cásca.

Eagraíodh Paráid na Cásca san Nás ag dul leis an comóradh ar fud na tíre. Éirí Amach 1916 a bhí mar téama an pharáid.

Chuaigh teach tabhairne Paddy Murphy, An Baile Mór, le meoin 1916 thar Deire Seachtaine na Cásca, agus Pat Murphy agus a fhoireann gléasta in éidí na linne. D'fhreastail roinnt mór de na chustaiméirí gléasta in éidí seanré, agus tugadh an céad deoch dóibh ar phraghas 1916.







**28 March.** Ar Luan Cásca, rinne Coiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad, i dteannta le na céadta i Maigh Nuad agus níos faide amach, machnamh ar gaisce an cúigear déag a mháirseáil chuig Ard-Oifig an Phoist chun páirt a ghlacadh san Éirí Amach. Bhí gaolta le deichniúir acu i láthair, agus bronnadh plaiceanna orthu ag An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, agus Ted Robinson, Bainisteoir Ginearalta, Glenroyal Hotel, Maigh Nuad, a urraigh na cuimhneacháin. Rinne Grúpa Feithiclí Míleata na hÉireann athachtú ar láthair catha ón Éirí Amach, agus bhí bratpáirtithe i láthair ó Ghrúpaí Iar-Shaighdiúirí na Fórsaí Cosanta, Gasóga Maigh Nuad, agus Banna Práis agus Feaga Mhuire.

Léirigh An Nuadha Players 'Conquered Not We Were, ag tosnú ag Coláiste Phádraig agus ag críochnú ag Teach Chartún, Maigh Nuad.



Tionóladh 'Road to Rebellion: Songs that roused a nation', an dara cheann de cúig ceolchoirm thar an contae, a scríobhadh ag Mario Corrigan, in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. Léirigh Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessey agus Liam Quinlivan ceol agus léimh ó thréimhse 1916.


Ghlac Grúpa Drámaíochta Óige na Gríse páirt i Reflecting the Rising le RTÉ.

Sraith Léachtanna Choiste Comóradh 1916 Bhaile Átha Í, in Ionad Éalaíon an Phobail, Sráid Woodstock, Baile Átha Í: 'Saving the honour of Tipp – Tipperary in 1916', leis An Dr. Des Marnane.

**29 Márta.** Léigh An tSáirsint James Pearse, Mullach Caise, mac garpháiste le Séamas Ó Conghaile, an Forógra ag Comóradh an Stáit ar Shéamais Ó Conghaile ag Halla na Saoirse. Ar 23 Márta, d'fhreastail sé ar Áras an Uachtaráin thar cionn a chlann. Phós Aideen, iníon Shéamais Uí Chonghaile Hugh Ward ó Muineacháin, agus chónaigh siad ar Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Nás. Seanmháthair an tSáirsint Pearse ab ea í.

Sraith Léachtanna Grúpa Staire Áitiúla Dhíseart Diarmada: 'Remembering War and Revolution' le Brian Hanley, Ionad Pobail Theach Diarmada.

Leirigh Féile Dearbáí Chill Dara taispeantas ar feadh seachtaine in Áras Bhríde. Ghlac Tommy Lee, deich mbliana d'aois, Stage Door and More Drama Group, Baile Eoin, páirt sa chlár RTÉ 1 'The 1916 Challenge'. Thaifead se a radhairc ag 12 Sráid Henrietta agus bhí páirt dalta scoile i 1916 aige.






**31 Márta.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail Bhaile Átha Í.

**1 Aibreán.** Rinne Grúpa Oidhreachta Teresa Brayton ceiliúradh ar an méid a rinne sí le linn Éirí Amach 1916 trí leabhar dá cuid filíochta, roghnaithe ag Bernadette Gilligan, Hail to the flag. Through the turbulent years a láinseáil i Halla Pobail an Bhaile Nua. Bhí ról tabhachtach aici i maoiniú don Éirí Amach a bhailiú agus í ina cónaí i Meiriceá.

**2 Aibreán.** Tionóladh 'Road to Rebellion: Songs that roused a nation', an tríú ceann de cúig ceolchoirm thar an contae, a scríobhadh ag Mario Corrigan, Amharclann Ealaíon Bhaile Átha Í. Léirigh Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessey agus Liam Quinlivan ceol agus léimh ó thréimhse 1916.

**4 Aibreán.** '1916 and the Irish Country House: A Kildare perspective': léacht leis An Dr. Ciarán O'Reilly, ag Teach Chartún, Maynooth.

Eagraíodh Irish History Live – ceardlann idirghníomhach do pháistí ó 4-8 Aibreán i Leabharlanna Pobail Bhaile Átha Í, An Náis, Léim an Bhradain, Chill Dara agus Dhroichead Nua.

'Naas and 1916', oíche cuimhneacháin ag Grúpa Staire Aitiúla An Náis, Town House Hotel, An Nás.

**5-9 Aibreán.** 'Herstory – Defiant Women of 1916': drama ag Amharclann an Mhóta, An Nás. Bunaíodh an drama, ceaptha ag Anne Mekitarian agus Bredha Sexton, ar ráitis finné, óráidí, dialainn agus litreacha maidir le seisir mná agus ceangal daingean acu le tréimhse 1916.

Cuireadh 'Kilcullen in 1916', eagraithe ag John Martin agus Mary Orford, ar bun i Halla an Bhaile. Thug Mary cúntas ar an saol i 1916 le cabhair ó sonraí daonáirimh, taifid freastail scoile agus grianghrafanna na linne.

Labhair sí faoin bpáirt a ghlac beirt ó Chill Chuillinn san Éirí Amach: Daisy Patterson, ón Nás ó thús, agus Paddy Rankin, a rothaigh ón Iúir chun bheith páirteach ann. Léirigh John Martin 'Military Aspects of Easter Week 1916'.

Chum Mick Dunne agus Mary McDowell 'Angels of Sixteen', amhrán i gcuimhne ar an daichead páistí a fuair bás le linn Éirí Amach 1916. Chabhraigh Bunscoil Bhaile an Stáibléaraigh le Mick chun an t-amhrán agus fístéip a thairgeadh. Ar 5 Aibreán chuaigh daltaí ó Rang a Cúig agus Rang a Sé go dtí Reilig Ghlas Naíon chun bláthanna a leagadh agus amhráin a chanadh i gcuimhne ar na h-íospártaigh óga.

D'fhill an Ceannfort Stephen MacEoin ar a iar-scoil, Iar-Bhunscoil Maigh Nuad, chun Éirí Amach na Cásca a cheiliúradh. Tharla an imeacht ag Campas Oideachais Maigh Nuad, eagraithe ag Méanscoil Maigh Nuad agus Coláiste Pobail Maigh Nuad. Bhí baint mór ag Stephen, ata ina chartlannaí ag Cartlanna Míleata na hÉireann, le Oifig Tioscadail Éireann 1916/2016.

Eagraíodh taispeántas dealbh luaidhe de sínitheoirí an Fhoróga, le Pierce Maher, i Seomra Tae Bhaile An Chrúca, Béal Átha an Tuair.

Sraith Léachtanna Choiste Comóradh 1916 Bhaile Átha Í, in Ionad Éalaíon an Phobail, Sráid Woodstock, Baile Átha Í: 'Looters, Deserters and Crime in Dublin in 1916', le Pádraig Yeates.

**6 Aibreán.** Thug An Teachta Éamon Ó Cuiv, garmhac le Éamon de Valera, léacht Giraldus Cambrensis 2016 Chumann Staire Chill Dara, ar 'Eamon de Valera and Captain Eto Hitzen – the extraordinary story of Éamon de Valera and the British officer who arrested him in 1916', ag Solas Bhríde, Cill Dara.

**7-8 Aibreán.** Eagraíodh an chéad léiriú de A Terrible Beauty Exposed!, dráma nua le Mario Corrigan, stiúirithe ag Lianna O'Shea, ag Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua. Scríobhadh an dráma chun cuidiú le daoine óga imeachtaí an Éirí Amach a léirmhíniú. Bhí an lucht féachana ina giúiré, agus vótáil siad ar cé acu idir Pádraig Mac Piarais nó An Ginearal John Maxwell a bhí ciontach i dtaobh na h-imeachtaí a léiríodh.

**7 Aibreán.** Léirigh Meánscoil Phádraig, An Droichead Nua 'Dublin Burning', cnuasach ceoil, amhrán agus filíochta i gcuimhne ar Éirí Amach 1916 le Mike Hanrahan agus Brenda Begley. Bhí Cathú ina acht tacaíochta.




**8 Aibreán.** D'óstáil Club Scannán Bhaile Átha Í 'Nine Short Films' spreagtha ag 1916 i Coláiste Pobail Bhaile Átha Í. Lean taispeántas i gcuideachta le seo, 'The sights and sounds of Athy in 1916', go 17 Aibreán.

Léirigh Craobh Bheartla Uí Fhlatharta de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann 'Memories of 1916,' i gClub Mhuire CLG, Léim an Bhradain, léirithe ag Anna Pegley le Ciaran Fitzgerald mar stiúrthóir ceoil.

**8-9 Aibreán.** Léirigh Orla Gildea School of Speech and Drama 'An Act of Bravery' in Amharclann na Corrchoille.

**9 Aibreán.** Cuireadh an imeacht lae seo, '1916-2016, A Step Back in Time', ar bun in Ionad Oidhreachta – Músaem Bhaile Átha Í agus Cearnóg Emíle, mar espéireas den ghnathshaoil i mBaile Átha Í i 1916. Mheasc daoine le Óglaigh na hÉireann, saighdiúirí na Breataine, baill de Chonstáblacht Ríoga na hÉireann agus daoine in éidí na linne. Cuireadh taispeántas, 'Athy in 1916', ar bun sa mhúsaem. Thug James Durney léacht 'Volunteer Mark Wilson and Cadet William Keegan. Two Athy men in the Easter Rising' i seomra closamhairc an mhúsaem. Sheinn banna áitiúil, Rockabilly Rebels, ceol i gCearnóg Emíle. D'oscail Mrs. Anna Duthie a siopa, W. T. Duthie's, ceann amháin de dhá siopa i mBaile Átha Í atá gan athrú ó 1916 i leith.

**10 Aibreán.** Thug Elaine Nolan léiriú de 'A Rebel's Heart', píosa ceoil úrnua, le ámhránaithe agus ceoltóirí ó Chontae Chill Dara, in Eaglais Mhuire, Maigh Nuad.

**10-23 Aibrean.** D'eagraigh Insight Theatre Group léiriú de 'The Risen People' le James Plunkett, sa Kildrought Lounge, Cill Droichid, stiúrtithe ag Joe Bergin.

**11-15 Aibreán.** 'Where's Pádraig?': Léiriú ginealais i Leabharlann Bhaile Átha Í, Clochar na Trócaire, An Nás, Bunscoil Bhríde, Cill Dara, Bunscoil San Carlo, Léim an Bhradáin, agus Leabharlann Dhroichead Nua, le Karel Kiely.

'Seán Mac Diarmada': léiriú le Mary Healy ag Gaelcholáiste Chill Dara, An Nás.

**12 Aibreán.** Sraith Léachtanna Choiste Comóradh 1916 Bhaile Átha Í, in Ionad Éalaíon an Phobail, Sráid Woodstock, Baile Átha Í: 'From Lockout to Rising: the ITGWU, ICA and Liberty Hall in 1916', le Frances Devine.

D'óstáil Ionad Ógtheagmhála An Dhroichead Nua caint le James Durney: 'Foremost and ready, Kildare and the 1916 Rising'.



**13 Aibreán.** D'óstáil Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann léacht leis An Dr. Tom Clonan 'Fighting for Ireland – A personal Reflection of the Easter Rising, in Ionad an Pharóiste, Claonadh.

Chuir Meitheal Machnaimh Leabharlann Bhaile Chill Dara fáilte roimh staraí Robert Doyle chun taispeántas faoi Éamonn O Modhrán a chur i láthair.


Nocht Éamon Ó Cuiv plaic cuimhneacháin sa Chorrchoill i gcuimhne ar fear áitiúil, Thomas Harris, a bhí ina bhall de gharastún Ard-Oifig an Phoist in 1916.

**14 Aibreán.** D'ardaigh triúr de shliocht Shéamais Uí Chonghaile an bratach ag Bunscoil Chrochta na Gréine – Emma Wilson (Rang 4), Shaun Wilson (Rang 1) agus Daryl Dagger (Rang 1). Sin-sin-seanmháthair leo ab ea Aideen Connolly Ward, iníon le Séamas Ó'Conghaile.

**14-22 Aibreán.** Léirigh Cumann Ceoil agus Drámaíochta An Chill tráthnóna de drámaí aonghnímh, ina measc 'The Guns of 1916', a scríobh agus a stiúir Brian McCabe, sa Dewdrop Inn.

**14-30 Aibreán.** Cuireadh taispeántas 'What 1916 means to me' ar bun in Ionad Ealaíon Pobail Bhaile Átha Í, le saothair ealaíne ó dhaltaí scoile áitiúla, ina measc taipéisí bhalla, portráidí agus ath-cruithithe dathannacha d'Ard-Oifig an Phoist.

**17 Aibreán.** Cuireadh deireadh le 'Athy Remembers 1916-2016' le comóradh sollúnta ar Forógra 1916. Bhí Mark Wilson, in aois a cheithre bliain agus ceithre scór, i láthair mar aoí speisialta. Bhí a athair, Mark Wilson, ó Bhaile Átha Í, ina Óglach i ngarastún na Ceithre Cúirte le linn Seachtain na Cásca.





Leag Mark Wilson fleasc ag plaic a nochtadh le déanaí in ómós d'fhir agus mná 1916. Nochtadh Gairdín Cuimhneacháin 1916 An Bhóthair Buí ós comhar an Johnstown Estate Hotel, Co. Chill Dara. Comh-thionscadal idir Cill Dara agus An Mhí é seo.

Cuireadh 'Little Stories, Little Prints', amharc-thionscadal ealáion, ar thaispeáint in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua, le scéalta 1916 á léiriú trí meán na priontaiochta. Pamela de Brí, agus Margaret Becker, stiúrthóir agus bainisteoir Stiúideo Priontála Laighin, Claonadh, a chur le chéile agus a chomhordaigh.

**19 Aibreán.** Eagraíodh léacht Ghrúpa Staire Ráth Iomgháin, 'Tom Clarke, Father of the Irish Republic', le Jim Doyle, i Leabharlann Pobail Ráth Iomgháin.

**20 Aibreán.** Láinseáil Des Marron Coiseanna: Irisleabhar Chumann Staire Áitiúil Chlaonadh i gClub CLG Chlaonadh, le scéalta a bhain le Éirí Amach na Cásca ann.

**21 Aibreán.** Eagraíodh léacht Chlub Staire Léim an Bhradáin, 'Kildare County Council and the Rising, War of Independence and the Civil War' le Thomas Nelson, i Leabharlann Pobail Léim an Bhradáin.

Láinseáil Larry Breen, ón Cónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Náisiúnta, 'Naas – Then and Now 1916-2016', taispeántas grianghrafadóireachta de sráid-dreachanna, éadain siopaí agus foirgnimh An Náis, i Leabharlann Pobail An Náis. Leanadh leis an taispeántas go dtí 30 Aibreán.

**22 Aibreán.**Phéantáil Grúpa Ealaíon Chrochta na Gréine portráidí de seacht sínitheoirí an Fhorogra, agus cuireadh ar thaispeáint iad sa mhúsaem ag Reilig Míleata Chnoc an Arbhair.

**23 Aibrean.** D'eagraigh Coiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad 'Walk in their footsteps', athachtú ar shiúil '15 Maigh Nuad' chuig Ard-Oifig an Phoist ar Luan Cásca 1916. Rinne breis agus 100 rannpháirithe athachtú ar an imeacht stairiúil seo, ó Maigh Nuad thar an chanáil chuig An Gairdín Cuimhneacháin i gCearnóg Parnell, áit inar chuir Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Críona Ní Dhálaigh, fáilte rompu.

Eagraíodh 'Remembering Teresa Brayton in Poetry and Song', imeacht i gClub CLG Chill Chóca, le amhráin agus poirt ó 1916 ó bhaill de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Tionóladh 'Road to Rebellion: Songs that roused a nation', an ceathrú ceann de cúig ceolchoirm thar an contae, i dTeach Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid. Léirigh Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessey agus Liam Quinlivan ceol agus léimh ó thréimhse 1916.

**24 Aibreán.** D'oscail An Clr. Brendan Weld, Méara Chill Dara, Gairdín Cuimhneacháin Chontae Chill Dara ag Áras Chill Dara, Pairc Ui Dhubhuí, An Nás, le leac Forógra agus seacht bpiléir aolchloiche, agus iad ag seasamh do na fir éagsúla a shínigh Forógra 1916.

Tionóladh 'Rith an Éirí Amach', lena n-áiríodh Rith 10K Maigh Nuad agus Siúlóid Clainne 5K, ó Champas Oideachais Maigh Nuad, agus na céadta páirteach ann.

Láinseáil Johnny Peters, An Doichead Nua, Tears of the Rebellion, in ómós do fir agus mná 1798 agus 1916, i Keadeen Hotel, An Droichead Nua.

Thionóil One Voice – Allenwood Contemporary Choir ceiliúradh de cheol agus amhrán Gaeilge i Halla CLG Fhíodh Alúine. Aidan Donoghue a léirigh agus a reic é. Sa léiriú bhí rince figiúirí le Grúpa Rince Alan McCormack agus seitrince le Brendan Swords agus a chairde.

Chan Paul Linehan, múinteoir ó Bhaile Chill Dara, ar 16 Letters, a taifeadadh in Ard-Oifig an Phoist, á óstáil ag Ryan Tubridy.

Eagraíodh searmanas fleascleagain in ómós don file ó Chill Dara, Teresa Brayton, i Reilig Cluain Chonaire.




Chuir Grúpa Ealáion Chill Droichid, ShareRing Skills, scannán agus taispeántas grianghrafadóireachta i láthair i Reilig an Lána Tae, Cill Droichid, bunaithe ar théamaí éirí amach agus cuimhne, maoinithe ag Bord Oideachais agus Oilíuna Chill Dara agus Chill Mantáin.

Léigh An tSáirsint James Pearse, mac garpháiste le Séamas Ó Conghaile, an Forógra ag searmanas ardaithe bratacha sa Chearnóg, An Baile Mór. D'ardaigh sliochtach de Richard Mulcahy, Iar-Ghinearál agus Ardcheannasaí Airm, sean-bhratach poblachtach. Léigh Ciara Cooke, bliain déag d'aois, píosa faoi bháis gaol léí, an naíonán Sean Foster, gurb as An Baile Mór a athair.

Rinne Paróiste Dhroichead Nua Éirí Amach 1916 a chomóradh le Seirbhís Urnaithe don Síochāin in Eaglais Chonnla.

Cuireadh taibhiú den scannán fáisnéise faoi Seán Ó Dubhuí, 'The Greatest of the Fenians', i gríoch in Amharclann an Mhóta, An Nás. Tar éis sin bhi seisiún ceisteanna agus freagraí leis an scannánóir Donal Higgins agus an Staraí Cónaithe James Durney.

Tionóladh 'Road to Rebellion: Songs that roused a nation', an ceann deireannach de cúig ceolchoirm thar an contae, i Halla Bhaile An Náis. Léirigh Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessey agus Liam Quinlivan ceol agus léimh ó thréimhse 1916.

**25 Aibreán.** D'óstáil Grúpa Staire Áitiúil An Chill léacht le James Durney, 'Foremost and ready. Kildare and the 1916 Rising', i Halla Pharóiste An Chill.

**26 Aibreán**. D'eagraigh Iar-Bhunscoil Fharannáin, An Chorrchoill, trathnóna filíochta, amhrán agus dráma.

Thug an Dr. Fionnuala Walsh léacht i Sciathán an Stábla, Teach Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid, dar teideal 'These are queer days that we are living through. Irishwoman and everyday life in 1916'.

Léirigh mic léinn idirbhliana ag Coláiste na Trionóide, Bhaile Átha Í, dráma '1916, Junior Cert History Homework', le cabhair óna múinteoir staire, Róisín O'Byrne.



Chuir an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn fáilte roimh An tSáirsint James Pearse, mac garpháiste le Séamas Ó Conghaile, a léigh an Forógra ag Halla na Saoirse i mBaile Átha Cliath Dé Máirt na Cásca. Phós Aideen, iníon Shéamais Uí Chonghaile, Hugh Ward; is iad a n-iníon Nora agus a fear chéile Peter Pearse, An Nás, tuismitheoirí an tSáirsint Pearse.

Tugadh cuireadh do Músaem an Phiarsaigh don dráma 'Her story – Defiant Women of 1916', tar éis a rith rathúil in Amharclann an Mhóta, An Nás.

**28 Aibreán.** 'Tom Ashe. Another martyr for old Ireland': léiriú le Staraí Cónaithe James Durney, Leabharlann Pobail Chill Droichid. Bhí Tom Ashe ina cheannaire ag an imeacht ba rathúla den Éirí Amach – Cath Chill Dhéagláin. D'athraigh a chlann go Chontae Chill Dara sna 1920idí, agus d'fhreastail dream mór da ghaolta ar an imeacht seo.

**30 Aibreán - 1 Bealtaine.** Taispeántas 1916 d'Ealaíon Páistí, lena n-áiriodh Forógra ollmhór, le léamh agus le shíniú, in Ionad Ealaíon Pobail Bhaile Átha Í.

**1 Bealtaine.** Léirigh Grúpa Drámaíochta Ard Cloch, Cór Áine agus Amharclann Óige Ard Cloch 'Eyes with Hope Gleaming' i gClub CLG Ard Cloch.

**4 Bealtaine.** D'óstáil Eaglais Chill Cé léamh le Tom Clowry i gcuimhne ar 1916.

**8 Bealtaine.** 'Domhnall Ua Buachalla – 1916 Veteran'; léacht lena gharmhac Adhamhnán Ó Súilleabháin, á óstáil ag Cumann Seandálaíochta Chill Dara, in Áras John Hume, An Campas Thuaidh, Ollscoil Maigh Nuad.

**9 Bealtaine.** 'Protestant Rebels and the 1916 Rising': léacht le Conor Morrissey, á óstáil ag Cumann Staire Chill Droichid, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.





**27 Bealtaine.** Comórtas Aistí 1916 le Grúpa Staire Léim an Bhradáin: bronnadh duaiseanna ar dhaltaí ó Scoil Eoin Phól, Léim an Bhradáin.

**31 Bealtaine.** Sraith Léachtanna Ghrúpa Staire Áitiúla Dhíseart Diarmada: 'Castledermot in 1918: land and labour', le Terry Dunne, Cathaoirleach, in Ionad Pobail Theach Diarmada.

**9-10 Bealtaine.** Bhí 'An Teach Mór agus an Eastáit Talún in am Éirí Amach' mar théama ag an 4ú Comhdháil Déag Bliaintiúil de Tithe Stairiúla na hÉireann, in Ollscoil Maigh Nuad. I dteannta le seo, láinseáladh taispeántas '1916 and the Irish Country House', léirithe ag An Dr. Ciaran Reilly.

**13 Bealtaine.** 'Kildare and the 1916 Rising': léiriú le Mario Corrigan agus James Durney, Rannóg Staire Áitiúla Chill Dara, ag Scoil na nDaltaí, Dún an Phiarsaigh, Campa an Churraigh.

**13-28 Bealtaine.** Láinseáladh an Tionscadal Ealaíon Sackville 1916, le 262 mionsamhail tí, deartha ina n-aonair, ceann do gach sibhialtach a maraíodh le linn Seachtain na Cásca 1916, i Halla an Bhaile, An Droichead Nua. Leanadh leis an taispeántas ar feadh dhá seachtain.

**18-21 Bealtaine.** Taispeántas Ghrúpa Ealaíon An Náis, dar teideal 'The artist remembers 1916' bunaithe an filíocht agus scéalta na linne. Chuimsigh sé daichead píosaí le baill, agus seacht iontráil ó Chomórtas Scoileanna An Náis.

**26 Bealtaine.** Láinseáladh The Frank Burke Story le Éanna de Burca (mac le Frank) agus Gerry Cummins, Cairbre, in Ionad Naomh Éanna (Músaem an Phiarsaigh anois), Páirc Naomh Éanna, Bóthar na Gráinsí, Ráth Fearnáin. Bhí Frank Burke, Cuanach, Cairbre, ina dhalta agus ina chara mór ag Pádraig Mac Piarais, agus é ina phríomhoide i gColáiste Eanna níos déanaí. Throid sé in Ard-Oifig an Phoist lena dheirfiúir Eva, a bhí ina banaltra ann.

**31 Bealtaine-1 Meitheamh.** 'Inis Free 1916', léiriú le daltaí ó Rang a Cúig agus Rang a Sé, Bunscoil Phádraig, An Droichead Nua, ag Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann. An múinteoir Francis T. Kirke a scríobh agus a stiúir, agus bhí James Tooher ina stiúrthóir ceoil.

**Bealtaine.** Rinne cuimhneachán i Reilig Bhaile na Faiche ar triúr ó Chill Dara Thuaidh a bhí páirteach in Éirí Amach 1916. Dob iad Michael Cosgrove, ball de gharastún na Ceithre Cúirteanna; William Mulreany, saighdiúir Briotanach, agus Michael Kavanagh, sibhialach, beirt a fuair bás san Éirí Amach.

**Bealtaine.** Rinne Moonfish Theatre, Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann agus Seirbhísí Leabharlainne Chill Dara athrú ar Leabharlann Taistil Chill Dara go h-eachtra stairiúil le léiriú tumthach inar tugadh cuireadh don lucht féachana bualadh isteach i saol le radharcanna, fuaimeanna, bolaithe agus uigeachtaí Chill Dara i 1916 i bhfolach thar gach cúinne.

**8 Meitheamh.** Thionóil Club Grianghrafadóireachta Chill Dara Theas agus Bunscoil Phádraig, An Droichead Nua imeacht lae amháin ar 8 Meitheamh 2016, dar teideal 'Fun and Games a hundred years ago', sa scoil agus sna faichí imeartha ina aice láimhe. I measc na cluichí bhí tarraingt na téide, cluichí cnóanna capaill, rásaí barra rotha, rásaí ubh agus spúnóg, scidilí, cleas na bacóide agus brú pingin.

**11 Meitheamh.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail Chill Droichid.

**16 Meitheamh.** Láinseail an Briogáidire-Ghinearál Joe Mulligan, Ginearál-Oigifeach i gCeannas, Campa an Churraigh, taispeántas le Michael Rowley, 'The artist remembers 1916', ag Músaem Míleata an Churraigh. Leanadh leis an taispeántas go dtí 5 Meán Fómhair.







**19 Meitheamh.** Ag Lá Spóirt Pharóiste Cairbre, bhí paráid le Éanna de Burca, mac le Frank Burke, iar-rannpháirtí 1916, mar Cheann Feadhna. Rinneadh cuimhne ar Frank Burke ag an imeacht, le taispeántas comórtha ar an tréimhse ó 1916 go 1921.

Ag Aonach Sráidbhaile Bhaile Riobaird bliaintiúil, rinneadh cuimhne ar ghéilleadh 1916 agus ról Chaptaein Airm na Sasana, Harry de Courcy Wheeler, gurb as Baile Riobaird é. Mar bhuaicphointe an imeacht bhí eocharaitheasc ó Alex Findlater, garmhac le de Courcy Wheeler, a scríobh 1916 Surrenders – Captain H. E. de Courcy-Wheeler eye-witness account.

**25 Meitheamh.** I 'Revolution! 1916', bhí taispeántas faoin aer ag Paul Woods, éalantóir ón Droichead Nua, le sraith pictiúirí móra le béim ar scrios uirbeach le linn Éirí Amach 1916. Bhí an taispeántas le feiceáil suas go 30 Meán Fómhair 2016.

**30 Meitheamh.** Tionóladh ceann de Sraith Léachtanna Choiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/Chill Droichid/Léim an Bhradáin: 'James Connolly', lena gharmhac James Connolly-Heron, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.

**2 Iúil.** Léiríodh Wasteland, dráma inspioráidithe ag an Éirí Amach, le Griese Youth Theatre, sa Teach Tionóil, Béal Átha an Tuair.

**7 Iúil.** 'Kildaremen and the Battle of the Somme 1916': sraith cainteanna le James Durney, Leabharlann Pobail Bhaile Chill Dara. D'fhoilsigh The Nationalist and Leinster Times sraith d'ailt faoi Cill Dara agus an Somme.

'1916 and the Irish Country House: A Kildare perspective': léacht leis An Dr. Ciarán O'Reilly, ag Teach Bhaile an Chaisleáin, Cill Droichid.

**13 Iúil.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail An Dhroichead Nua.

**25 Iúil.** Nochtadh plaic cuimhneacháin do iar-rannpháirtí 1916, Michael Heffernan, i Reilig an Lána Tae, Cill Droichid. Cuireadh é in uaig gan mharcáil ann i 1954.

**4 Lúnasa.**Tionóladh ceann de Sraith Léachtanna Choiste Comóradh an Éirí Amach 1916 ArdCloch/Chill Droichid/Léim an Bhradáin: 'Roger Casement', le Jim Doyle, i Leabharlann Pobail Chill Droichid.


**11 Lúnasa.** Nocht Cumann an Bhaile Slachtmhar Léim an Bhradáin agus Comhairle Contae Chill Dara Gairdín Cuimhneacháin 1916 ar bhruach Abhann an Rí.

**20 Lúnasa.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail Bhaile Chill Dara.

**22 Lúnasa.** 'Kildaremen and the Battle of the Somme 1916': sraith cainteanna le James Durney, i Halla Pharóiste An Chill.

**23 Lúnasa.** Ag taispeántas Ghrúpa Feithiclí Míleata na hÉireann, bhí caint faoi Cath an Somme, le Barry Walsh agus Tony Vaughan, ó Lord Edward's Own Re-enactment Group, ag Leabharlann Pobail Mhainistir Eimhín.

'Kildaremen and the Battle of the Somme 1916': sraith cainteanna le James Durney, i Leabharlann Pobail Bhaile Átha Í.



**24 Lúnasa.** I Sraith Léachtanna Ollscoil Maigh Nuad ag Leabharlann Eoin Pól 2, bhí 'Foremost and ready.Kildare and the 1916 Rising' le James Durney agus 'The Rising, War of Independence and the Civil War' le Thomas Nelson.

**27 Lúnasa**. D'eagraigh Cumann Staire An Bhaile Mór taispeántas 1913-1923, le caint ó James Durney: 'Foremost and ready.Kildare and the 1916 Rising', ag Ionad Acmhainní An Bhaile Mór.

**30 Lúnasa.** Nochtadh dealbh Ernest Shackleton ag An Clr. Ivan Keatley, Méara Chill Dara agus Alexandra Shackleton, gariníon le Ernest, ag Cearnóg Emíle, Baille Átha Í. Rinne seo comóradh céad bliain ar tharrtháil criú an Endurance ó Oileán Eilifinte ag Shackleton, ar 30 Lúnasa 1916. Bhí taispeántas faoin Endurance le Pauline Garavan le feiceáil i Leabharlann Pobail Bhaile Átha Í freisin.s

**30-31 Lúnasa.** 'Mise Éire – 1916 Remembered': dráma ceoil ag Halla Bhaile An Náis, léirithe ag Mona Conroy agus Owen C. Lynch.

**2 Meán Fómhair.** Léacht ag Grúpa Staire Áitiúla Chlaonadh: '1916 and the Irish Country House: A Kildare perspective', leis An Dr. Ciarán O'Reilly, ag Club CLG Chlaonadh.

**8-9 Meán Fómhair:** 'Commemoration of the Rising and the Somme': sraith léachtanna ag Ollscoil Maigh Nuad.

**9 Meán Fómhair:** Léirigh Aontas Ógra ceol agus amhráin linne Éirí Amach na Cásca, ag Ionad Óige Bhaile Átha Í.

**15 Meán Fómhair.** Nocht Uachtarán GLG, Aogán Ó Fearghail, plaic ag Club GLC Chill Chóca, tiomnaithe do dhaoine ón gceantar a bhí páirteach in imeachtaí timpeall 1916, ina measc Tom Harris, Teresa Brayton, John Kenny agus Michael Cowley.

**16 Meán Fómhair.** Oíche an Chultúir: D'eagraigh Grúpa Staire Áitiúla Chill Dara caint le Mary Ryan ag uaigh Mháire Ní Raghallaigh, ball bhunaidh de Chonradh na Gaeilge, i Reilig Bhaile Bairéid, An Droichead Nua.

Thug ealaíontóir Paul Woods turas treoraithe ar 'Revolution! 1916', a thaispeántas faoin aer ag Áras Chill Dara.

'A Portrait of Memories, Kilcullen 1916-2016': léiriú le Mary Orford, le taifid d'agallaimh le deich cónaítheoirí áitiúla, agus nascanna áitiúla leis an Céad Chogadh Domhanda agus Éirí Amach na Cásca.

**17 Meán Fómhair.** Ar Lá Súgartha Bliaintiúil Chomhairle Contae Chill Dara ag Áras Chill Dara, cuireadh béim ar pháistí agus ar stair shoisialta 1916, le cluichí, bia, éadaí agus drama tumthach do pháistí.

Nochtadh leacht i gcuimhne An Coirnéal Eamon 'Ned' Broy, ag Charlie Flanagan, Aire Gnóthaí Eachtracha agus Áine Broy, iníon le Ned, ag Reilig Chúil an Ghéagáin, Ráth Iomgháin.

'Ireland's Call. The Kildare Diaspora and the 1916 Rising': seimineár leis An Dr. Ciaran Reilly ina chathaoirleach air. Cuimsithe ann bhí turas chuig taispeántas faoi Dhomhnall Ua Buachalla i Leabharlann Uí Ruiséil, agus léiriú den scannán faisnéise 'John Devoy – the greatest of the Fenians'. I measc na cainteoirí bhí James Durney, Michael Kenny, Olive Morrin agus Frances Christ ó Chathair Nua-Eabhrac, gariníon le John Kenny, eagraí do Clan na nGael.

Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail An Náis.

**1 Deireadh Fómhair.** Nocht Club Seanré Dhíseart Diarmada plaic i gcuimhne ar Thomas P. Dunne, ag Teach Tabhairne Uí Néill, Droichead Ui Dhúill, Díseart Diarmada. Scaoileadh marbh Thomas Dunne ar lá an toghcháin, 16 Meitheamh 1922.

**5 Deireadh Fómhair.** Sraith Léachtanna le Cumann Staire Chill Dara: 'Cumann na mBan in Co. Kildare', le Josie Devis, ag Áras Bhríde, Cill Dara.







**8 Deireadh Fómhair.** Tionóladh seimineár bliaintiúil Chónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Chontae Chill Dara ag Ionad Oidhreachta Chill Chuillinn. Láinseáil an staraí Sinead McCoole an taispeántas 'Mná 1916 – Women 1916' agus labhair sí faoi ról na mban san Éirí Amach. Bhí an taispeántas ar oscailt don phobal ó 8 – 12 Deireadh Fómhair.

D'eagraigh Cairde Sheáin Uí Dhubhuí searmanas ag dealbh Uí Dhubhuí, Cearnóg na Poibleoige, An Nás, chun an céad comóradh bliana dá nochtadh a cheiliúradh.

**12 Deireadh Fómhair** Dáilíodh Paca Acmhainní 1916 do Scoileanna do gach bunscoil agus meánscoil i gContae Chill Dara.

**14 Deireadh Fómhair.** Tionóladh siompóisiam stairiúil faoi Mícheál Ó Coileáin san Osprey Hotel, An Nás, le cainteanna ó pearsana áitiúla agus náisiúnta, ina measc neacht le Kitty Kiernan, a chailín.

**14-16 Deireadh Fómhair.** D'óstáil Féile Léitheorí Chill Dara tionscadail a bhain le 1916, go h-áirithe tráthnóna le Joe Duffy agus Helen Litton, 'Ordinary Lives, Extraordinary Times; 1916 Through the Eyes of ordinary Dublin Citizens' in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbhann, An Droichead Nua.

Sa 'Tionscadal Leabhar Nótaí Ealaíontóirí Chill Dara', bhí taispeántas de saothar ealaíontóirí thar an chontae, spreagtha ag 1916 chun leabhar nótaí léaráidí, scríbhinn agus sceitsí a chruthú.

**15 Deireadh Fómhair.**
Cheiliúir GLG An Náis a 129ú comóradh bliana agus 1916 le taispeántas cuimhneachán le Cumann Comórtha Óglaigh na hÉireann. Bhí searmanas ardaithe bratacha, léiriú de 'Mise Éire' agus oíche ceoil leis an bailéadghrúpa Rossa.

**22 Deireadh Fómhair.** Little Stories, Little Prints: ceardlann priontaíochta do phaistí i Leabharlann Pobail Léim an Bhradáin.

**25 Deireadh Fómhair.** Sraith Léachtanna Ghrúpa Staire Áitiúla Dhíseart Diarmada: 'The Gifford Sisters and 1916' le Tom Clowry, in Ionad Pobail Theach Diarmada.

**11 Samhain.** Láinseáil Frank Taaffe Athy and District World War 1 Roll of Honour le Clem Roche ag Ionad Oidhreachta – Músaem Bhaile Átha Í.

**13 Samhain.** Nocht Cumann Cónaitheoirí William Pearse/ Abbeylands plaic ina luaitear an Forógra, agus in ómós do Willie Pearse. Osclaíodh an eastáit, a ainmníodh ina chuimhne, i nDíseart Diarmada i 1973.





**18 Samhain.** Eagraíodh 'Children of the Revolution', ceolchoirm le ceoltóirí agus amhránaithe traidisiúnta ó gach aird in Éirinn, de shliocht na bhfear agus na mban go raibh baint acu le Éirí Amach Cásca 1916, in Ionad Ealaíon Bhruach na hAbahann, An Droichead Nua. Michael Fortune agus Aileen Lambert a réitigh é. Bhí daltaí ó Rang a Sé, Scoil Mhuire Sinsearach, Baile Uí Mhaine, An Droichead Nua mar aoíanna speisialta.

**24 Samhain.** Láinseáil Liam Kenny Nás na Ríogh: Reflections and Recollections: Long ago and not so long ago le Larry Breen, i Seomra na Comhairle, Halle Bhaile An Náis.

**26 Samhain.** Bhuaidh Comhairle Contae Chill Dara an gradam Ealaíona a Choinneail ag Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2016 de chuid Comhlachais na hÉireann don Tionscadal Ealáion Sráid Sackville 1916.

**1 Nollaig.** Thug An tUachtarán, Mícheál D. Ó hUiginn, cuairt ar an Currach chun seacht leac cuimhneacháin a nochtadh in ómós do sínitheoirí Forógra 1916.

**4 Nollaig.** Nocht Aonach Seanré Sraidbhaile Bhaile Riobaird leac Forógra agus bínse cuimhneacháin ar Thaobh na Canála, Baile Riobaird.

**5 Nollaig.** Láinseáil Grúpa Staire Áitiúla An Náis dhá leabhar ag Ostán Town House, An Nás: A rebel's desk. Séumas and Michael O'Kelly,Leinster Leader editors in a revolutionary time, tiomsaithe agus eagraithe ag James Durney le Liam Kenny, agus Looking back at revolutionary Kildare 1912-1916, cnuasach d'ailt ó cholún seachtainiúil Liam Kenny sa Leinster Leader.

**10 Nollaig.** Eagraíodh an Searmanas Clabhsúir Oifigiúil do chlár Comórtha 1916 Chill Dara ag Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás. Rinneadh bronntaí ar naonúr in aois a gcéid ó Chill Dara , agus tar éis seo bronnadh duaiseanna ar ocht buaiteoirí sa Chomórtas Filíochta Scoile agus do 14 buaiteoirí sa chomórtas deartha biora liopa. Láinseáladh Seven Signatories: Tracing the Family Histories of the Men Who Signed the Proclamation, le Paul Gorry.

Chuir Coiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad agus Bailte Slachtmhara Maigh Nuad cúig dair déag in ómós don cúigear déag ó Complacht Maigh Nuad, Óglaigh na hÉireann a ghlac páirt san Éirí Amach.

**13 Nollaig.** Láinseáil An Moinsíneoir John MacDonald Curragh Life in 1916 le Grúpa Staire Áitiúla An Churraigh i Bialann na nONC, Dún Cheannt, Campa an Churraigh. Cheap An Briogáidire-Ghinearál Joe Mulligan, Ginearál-Oigifeach i gCeannas, Airmheán Traenála Óglaigh na hÉireann, Reggie Darling mar Staraí Cónaithe Champa An Churraigh.

**15 Nollaig.** Léirigh The Run of the Mill Inclusive Theatre Company agus Choices Day Programme, Seirbhísí Eoin Dé, Réigiún na Life, The Plough and the Stars i Celbridge Manor.

**18 Nollaig.** Léiríodh 'From the plains – The story of John Devoy', dráma agus ceol le Fia Rua, sa Duck and Cup Café, Amharclann an Mhóta, An Nás.

**22 Nollaig.** Nochtadh dealbh san Iúr tiomnaithe do Patrick Rankin, nach maireann, ó Bhaile NioclＡis, Cill Chuillinn tráth, eagraithe ag Comhairle Ceantair An Iúir, Múrna agus An Dúin. Rinne iníon leis, Patsy O'Halloran (90), ó Chill Chuillinn, agus a deirfiúr Kate Bishop (82) an nochtadh ar Dhroichead Bhaile Átha Cliath, An tIúr. Ceardaí ó Chill Chuillinn, Joe O'Connor, a rinne an inscríbhinn ar an plionta.

**28 Nollaig.** Thionóil Club Seanré Na Forraí Móire ceiliúradh ar théama 1916 le rannpháirtíocht ó Cumann Forbartha Na Forraí Móire, Grúpa Drámaíochta Óige na Gríse, Club Rothaíochta High Nelly Choill Dúin, Banna Píob Na Forraí Móire agus Seilg Chill Dara.

**29 Nollaig.** Láinseáil Des Egan William A. Byrne, Teacher, Scholar, Poet i Dillon's, Ráth Iomgháin. Comh-oibriú idir Coiste Bluebells and Buskers agus Grúpa Staire Ráth Iomgháin a bhí sa leabhar seo.

**31 Nollaig.** Eagraíodh searmanas clabhsúir Choiste Céad Bliain 1916 Maigh Nuad le ísliú brat 15 Maigh Nuad ag Cearnóg an Bhaile.

Nochtadh leacht ag Teach Tabhairne na dTrí Chontae ag Cros Mhaigh Géine, in ómós d'Óglaigh Laoise a ghearr na sreanga ar an iarnród ag Maigh Géine oíche Dhomhnach Cásca, 1916, de bharr órdú díreach ó Phádraig Mac Piarais. Bhí an leacht seo ina chomh-oibriú idir Coiste Chomóradh 1916 Contae Laoise agus Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara.






Corner of Abbey Street, Dublin



# LEAGÁID

*Bhí sé tabhachtach dúinn go mbeadh cuimhne ar Chill Dara maidir le conas a rinneadh ceiliúradh ann ar chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916, agus gheallamar cartlann taighde agus ábhar cultúrtha agus ealaíonta don mhuintir a thiocfaidh inár ndiaidh – ní amháin chun na h-imeachtaí stariúla seo a cheiliúradh, ach chun iad a thuiscint, a phlé agus a ghlacadh chugainn féin, agus chun leagáid buan a chruthú do na glúine amach romhainn, i slí gur féidir linn amháin a dhéanamh.*

Mar chuid den leagáid seo, bhí chruthú spreagadh ábhar nua a eagrú. Rinneadh ról Chontae Chill Dara sa tréimhse a dhoiciméadú agus a insint ó cheann ceann na bliana i modhanna agus i bhformáidí meáin éagsúla – leabhair, leabhráin, ceol agus dráma; ealaín, scannáin agus meáin shóisialta; ath-achtú stairiúil agus ath-léiriú.

Tagann roinnt eochair-thionscadail chun cuimhne. Rinneadh cuimhneachán ar roinnt de mór-rannpháirtithe san Éirí Amach; bhí taispeántas faoi saol Éamonn O'Modhráin, nochtadh dealbh Sheáin Uí Dhubhuí, agus bhí plaic agus leabhar i gcuimhne ar Teresa Brayton. Rinneadh cuimhneachán ar taismigh sibhialtacha leis an Tionscadal Ealáion Sráid Sackville 1916, inar cruthaíodh teach uathúil bunaithe ar gach aon saol acu.

Bhí turas an cúigear Óglaigh déag ó Maigh Nuad go hArd-Oifig an Phoist mar ionsparáid do shiúlóid ath-achtaithe faoi leith. Bhí daltaí scoile Chontae Chill Dara i gceartlár an chláir, agus iad páirteach i gcomórtais ealaíon, filíochta agus aistí stairiúla, drámaí tóstail, searmanais ardaithe bratacha agus sraith léachtanna do scoileanna.

Déanfar breithiúnas sa todhchaí ar Chontae Chill Dara faoi conas a rinneadh ceiliúradh ann ar chomóradh céad bliain 1916, An Céad Chogadh Domhanda, Cogadh na Saoirse agus An Cogadh Cathartha. Ní amháin tréimhse coimhlinte, athruithe polaitiúla agus suaite a bhí ann, ach tréimhse fréamh-athruithe sóisialta agus dul ar aghaidh, nuair a ghlac mná a n-áit ceart ag ionaid vótála, cuireadh deireadh le tithe na mbocht damanta, agus ghlac muintir na hÉireann seilbh ar a gcinniúnt, ar an eacnamaíocht agus ar an gnáthsaol.

Ghlacamar an tasc chugainn féin, agus ta clár laidir eagraithe againn, agus ta súil againn go leanfaidh seo le tuiscint agus eolas a chur ar fáil le blianta as seo amach. Fíor-thiomantas a bhí ann ó gach éinne a bhí páirteach ann, agus gabhaimid buíochas libh as ucht bhur gcuid ama, bhúr ndíchill agus bhúr ndíogras.  Bliain uathúil a bhí ann agus is féidir linn go léir bheith bródúil as.

**Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara.**



**Leabhair / Leabhráin**

*Through Peace and War: Kildare County Council 1899-1926.* Thomas Nelson.
*Foremost and ready: Kildare and the 1916 Rising.* James Durney.
*Kildare Town. A Year in the Life.* Mario Corrigan and Joseph Connelly, Cill Dara Historical Society.
*A Selection of Recommended Reads, from Kildare County Library Service,* to commemorate the centenary of the 1916 Rising.
*Newbridge in 1916.* Newbridge Local History Group.
*Irish Rebel: John Devoy and America's fight for Ireland's freedom.* Terry Golway.
*A Forgotten Hero – John Devoy.* Compiled and edited by James Durney, Mario Corrigan and Seamus Curran.
*Hail to the Flag. Through the turbulent years.* Teresa Brayton Heritage Group.
*The Maynooth 15 Remembered.* James Durney and Henry Flynn.
*William A. Byrne: Teacher, Scholar, Poet.* Rathangan Community Group.
*Seven Signatories: Tracing the Family Histories of t he Men Who Signed the Proclamation.* Paul Gorry.
*Nás Na Ríogh: Reflections and Recollections. Long ago and not so long ago.* Larry Breen.
*A rebel's desk. Séumas and Michael O'Kelly, Leinster Leader editors in a revolutionary time.* Naas Local History Group.
*Looking back at Revolutionary Kildare 1916.* Naas Local History Group.
*Curragh Life in 1916.* Curragh Local History Group.
*Witness: Kildare Accounts of the 1916* Rising. Mario Corrigan.
*Shackleton: The Voyage of the James Caird.* Gavin Cumiskey and David Butler.
*A Terrible Beauty Exposed.* Mario Corrigan.
*A Terrible Beauty Exposed: 1916 Resource Pack.* Mario Corrigan, James Durney, Karel Kiely .
*The Sackville Street Project.* Ciara O'Keeffe et. al.
*Little Stories, Little Prints.* Leinster Printmaking Studio.

**Dlúthdhiosca / Físdiosca**

CD - The Road to Rebellion: Songs of the Rising. Philip Scott
DVD - Devoy: The Greatest of the Fenians. Donal Higgins

**Ábhair acmhainní do Scoileanna**

*A Terrible Beauty Exposed: 1916 Resource Pack.* Mario Corrigan, James Durney, Karel Kiely (Primary and Secondary)
CD - The Road to Rebellion. Philip Scott (Primary and Secondary)
*Seven Signatories: Tracing the Family Histories of the Men Who Signed the Proclamation.* Paul Gorry (Primary and Secondary)
*Witness: Kildare Accounts of the 1916 Rising.* Mario Corrigan (Secondary)

**Taispeántais**

Éamon Ó Modhráin, Riverbank Arts Centre; Main branch libraries in Co. Kildare.
The Sackville Street Art Project, O'Connell St. and the Botanic Gardens, Dublin; Town Hall, Newbridge; Galway. Artist Ciara O'Keeffe and Sackville Street Art Project.
Battle of the Somme, Áras Chill Dara.
Revolution 1916! Art Exhibition, Áras Chill Dara, Naas. Paul Woods
*Little Stories, Little Prints*
The Kildare Notebook Project, Riverbank Arts Centre, Newbridge.

**Gearrtháin Scannáin (Frame It Productions)**

1916 Montage of the year's events.
Proclamation Day
Éamon Ó Modhráin Exhibition
Unveiling of Ernest Shackleton statue
*Foremost and Ready: Kildare in 1916* book launch.
Commemorative County Garden launch, Áras Chill Dara, Naas

**Telefís Éireannach – Cúrsaí Chill Dara**
Thomas McCormack, Robertstown, *SS Lusitania* survivor
John Devoy statue
Proclamation Day
Éamon Ó Modhráin exhibition
Unveiling of Ernest Shackleton statue, Athy
*Foremost and Ready: Kildare in 1916 book* launch

**Gearrtháin Scannáin Neamhspleách**
Proclamation Day in Kildare Town (10.1K hits)
Unveiling of gardens in Kildare Town, Leixlip and at Áras Chill Dara, Naas.
Maynooth 1916 Committee
Conquered Not We Were play, Maynooth
Celbridge 1916

**Ealaín**
A Terrible Beauty Exposed. Graham Coffey, artist.
Domhnall Ua Buachalla. Billy McAndrew, artist.
John Devoy. Billy McAndrew, artist.

**Gairdíní**
Commemorative Gardens - Áras Chill Dara, Naas, Leixlip, Kildare Town and Newtown, Kilcock.
Proclamation Stones – Athy, Castledermot, Robertstown.

**Gréasán**
**Website** http://www.kildare2016.ie/
**Website** kildare.ie/countycouncil
**National Library of Ireland** - nli.ie - 1916 Kildare site has been archived
**Facebook** Kildare Decade of Commemorations
**Facebook** Kildare County Library Service
**Facebook** Kildare County Council
**Twitter** Kildare Libraries
**Twitter** Kildare County Council
**Twitter** Kildare Decade of Commemorations

**Preas**
Newspapers: *Leinster Leader; Kildare Nationalist; Liffey Champion; Kildare Post.*
KFM Radio

**Gradaim**

**Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2016 de chuid Comhlachais na hÉireann**

Bhuaidh Tionscadal Ealáion Sráid Sackville 1916 an gradam sa chatagóir 'Ealaíona a Choinneáíl'.

Bhí Tionscadail Dhealbha Sheáin Uí Dhubhuí ar an ghearrliosta sa chatagóir 'Oidhreacht agus an Timpeallacht Tógtha'.

Bhuaidh Contae Chill Dara Gradam don Údaras Áitiúil 1916 ab fhearr san iris Public Sector.



# Buíochas & Creidiúintí

*Ár mbuíochas do gach éinne a chuir le rath na bliana seo*

**Committee: Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chontae Chill Dara**

Kildare County Council/
*Comhairle Contae Chill Dara*
Kildare Library and Arts Services/
*Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara*
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs/ *An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta*
Department of Housing, Planning and Local Government/ *An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil*
Ireland 2016 National Office/ *Oifig Náisiúnta Éire 2016*
Defence Forces/ *Fórsaí Cosanta na hÉireann*
An Garda Síochána/ *An Garda Síochána*

Primary and Secondary Schools in Co. Kildare/
*Bunscoileanna agus Méanscoileanna i gContae Chill Dara*

KFM
Irish TV
Frame It Productions
Leinster Leader
Kildare Nationalist
Liffey Champion
Kildare Post

Adhamhnán Ó Súilleabháin
Aileen Lambert and Michael Fortune
Alice's Restaurant
Ardclough Art Group
Athy 1916 Commemoration Committee
Athy Community Arts Centre
Athy Film Club
Athy Heritage Centre and Museum
Athy Tidy Towns

Brian Cregan
Celbridge-Leixlip-Ardclough Local History Groups
Ciara O'Keeffe and the 1916 Sackville Street Project Team
Ciarán Reilly
Cill Dara Historical Society
Clane Youth Club
Cormac Mac Aodhagáin
County Kildare Archaeological Society
Curragh Local History Group
s

David Butler
Donal Higgins
Elaine Nolan
Eoin Conway
Fia Rua Music
Fluxusdance
Griese Youth Theatre
Grey Abbey Conservation Group
Irish Family History Foundation
Irish History Live: 1916
Irish Military Vehicles Group History
Jim Fleming
John Lawlor
JuneFest 2016

Ken Folan
Kevin Kenny
Kilcock GAA Centre
Kilcullen Heritage Centre
Kildare Association of New York
Kildare Civil Defence/ *Cosaint Shibhialta Contae Chill Dara*
Kildare County Council Choir/ *Cór Chomhairle Contae Chill Dara*
Kildare Derby Festival
Kildare Education Centre
Kildare Federation of Local History Groups
Kildare Heritage Centre
Kildare Heritage Forum
Kill Local History Group

Laois 1916 Commemoration Committee
Larry Breen and National Federation of Local History Groups
Larry Ward
Leinster Printmakers
Leixlip Historical Society
Leixlip Tidy Towns
Leixlip Youth Project
Lianne O'Shea
Liam Quinlivan
Lord Edward's Own Re-enactment Group

Martina Reilly
Maurice and Jane O'Keeffe, Irish Life and Lore
Maynooth 1916 Centenary Committee
Maynooth Local History Group
Maynooth Rebel Run
Maynooth University/ *Ollscoil Maigh Nuad*

Meitheal Theatre Company
Michael Rowley
Moat Theatre
Mona Conroy - Showstoppers
Moonfish Theatre

Naas Art Group
Naas GAA Club
Naas Local History Group
Naas Tidy Towns
Naas Town Hall
Newbridge Local History Group
Newbridge Town Hall
Newtown Community Group
Niall Ó Callanáin
North Kildare Chamber of Commerce
Orla Gildea School of Speech and Drama

Pat Tinsley
Paul Gorry
Pat Lonergan
Paul Woods
Philip Scott, Sophie O'Carroll, Donal Hennessy and Liam Quinlivan

Rathangan Community Association Ltd.
Rathcoffey Local History Group
Revisiting Old Habits Rathangan Club
Riverbank Theatre
Robbie Doyle and the Ó Modhráin Family
Robertstown Village Fair
Run of the Mill Inclusive Theatre Co.
*(St. John of God's Community Services)*

Sean Sourke
Shackleton Commemoration Committee/ James Caird Project
Sinéad McCoole
Smashing Times Theatre Company
South Kildare Photographic Club
St. Brigid's Pipe Band and Philip Coy
St. Michael's O.N.E.
Sult na Sollan
Teresa Brayton Heritage Group
Terry Golway
Tom Nelson
23rd Kildare Sallins Scout Group

**Agus Buíochas le**

Billy McAndrew
Carton House
Castletown House
Collins Press
Donovan Printing
Doodlemoose
Eamon Sinnott
Frame It Productions
Fran McCormack
Graham Coffey
Hartes, Kildare
Jarlath Daly
John Joe Houlihan
Kildare Web Services
Merrion Press/Irish Academic Press
Mongey Communications
Naas Printing Ltd.
Tony Keane











KILDARE COMMEMORATIVE

# 1916/2016 LAPEL PIN COMPETITION

*Kildare County Council's Decade of Commemorations Committee has organised a series of events and programmes to celebrate the 100th anniversary of the 1916 Rising. In collaboration with Kildare Education Centre, we are calling on children and young people in the county to participate in a design competition for a lapel pin to create a special memento for 2016. The winning design will be made into a metal pin and presented on a card with the winner's name on it. The pin will be given to thousands of people – how cool is that! The winner will receive a prize of €100. Runners-up will also receive prizes. The winning entries will be displayed in an exhibition in Riverbank Arts Centre, Newbridge.*

Please send a completed entry form and an attached page with your design to:
Riverbank Arts Centre, Main St., Newbridge, Co. Kildare, clearly marked for attention of
Marian Higgins, Kildare 2016 County Coordinator,
'COMMEMORATIVE LAPEL PIN COMPETITION'
*Enquiries to: t. 045-448328 e. cilldara2016@gmail.com*

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council


1916
2016






CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN
Cill Dara / Kildare
Centenary Programme
Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council
1916
2016




Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

ÉIRE IRELAND 1916 2016

Coiste Deich mBliana na gCuimhneachán Chill Dara